



An Roinn Forbartha
Tuaithe agus Pobail
Department of Rural and
Community Development



Public
Participation
Networks
Ireland

Líonraí Rannpháirtíochta Pobail

Tuarascáil Bhliantúil 2023





LÉARGAS AR AN MBLIAIN 2023

 **19,063** GRÚPA
COMHALTAIS

 **15,242**
GRÚPAÍ POBAIL
AGUS DEONACHA

 **3,081**
GRÚPAÍ CUIMSITHE
SHÓISIALTA

 **730**
GRÚPA
COMHSHAOIL

Bliain dhúshlánach eile a bhí sa bhliain 2023. I bhfianaise na paidéime domhanda, leibhéil mhéadaitheacha coinbhleachta ar fud an domhain, briseadh síos i bpatrúin aimsire agus i gcomhtháthú sóisialta inár bpobail, bhí rátaí arda boilscithe ag teaghlaigh freisin, arb iad na teaghlaigh is lú ioncam is mó a bhí thíos leis. Mar is gnách, bhí an earnáil Pobail agus Dheonach ina cuid ríthábhachtach den fhreagra náisiúnta a tugadh ar na saincheistanna sin ag leibhéal áitiúil lenar leagadh béim arís agus arís eile ar chomh riachtanach agus ríthábhachtach is atá an earnáil Pobail agus Dheonach. Bhí eolas áitiúil ríthábhachtach.



926 BHÍ IONADAÍ LRP

ina suí ar **343** bord agus coiste ag tabhairt guth an phobail chuig an mbord cinnteoireachta.

Chuir na LRPanna réimse leathan oiliúna agus tacaíochtaí ar fáil d'lonadaithe, a chuir ar a gcumas páirt iomlán a ghlacadh agus a bheith rannpháirteach.

Bhí teagmháil leanúnach ann le grúpaí comhaltais, ag cinntiú gur scaipeadh faisnéis ríthábhachtach go forleathan.

In 2023 mhéadaigh na LRPanna a bpróifíl meán sóisialta. Is uirlis chumarsáide é sin atá ag éirí níos tábhachtaí, rud a fhágann gur féidir teagmháil a dhéanamh le pobail éagsúla ar bhealaí éagsúla.



Óstáladh 5ú Comhdháil Náisiúnta na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail i gCill Mhantáin i mí Dheireadh Fómhair, ag ar cuireadh fáilte roimh os cionn 200 toscaire a dhéanann ionadaíocht ar ghrúpaí pobail agus deonacha, grúpaí cuimsithe shóisialta agus grúpaí comhshaoil ar fud na tíre chomh maith le hoifigigh údaráis áitiúil, ionadaithe tofa agus daoine eile a thacaíonn le hobair na LRPanna. Ba é Rannpháirtíocht á cur i nGníomh téama chomhdháil na bliana seo. Áiríodh i gclár na Comhdhála cuir i láthair agus ceardlanna inar cuireadh rogha leathan agus éagsúil struchtúr, próiseas, oibre pobail agus forbartha beartais ar taispeáint ó gach cearn den speictream LRP.¹



Lean na LRPanna orthu á gcur féin in oiriúint mar fhreagra ar na hathruithe a tháinig ar a bpobail agus ag forbairt réitigh nuálacha ag baint úsáid as cur chuige ón mbun aníos i ndáil le réiteach fadhbanna.

Tá comhairliúcháin fós ina gcuid ríthábhachtach d'obair an LRP agus bhí siad ar siúl thar réimse leathan ábhar, agus saincheistanna comhshaoil ag éirí níos suntasaí.

Tá na LRPanna fós ag déanamh fiordhifriocht do na pobail ar a bhfreastalaíonn siad.

1 <https://countywicklowppn.ie/national-conference-2023/>

Clár

Réamhrá ón Aire Stáit ar a bhfuil freagracht as Forbairt Pobail, Imeascadh agus Carthanais, an tAire Joe O'Brien	3
Réamhrá ó Chathaoirleach Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP)	4
Réamhrá	5
Ról an Ghrúpa Chomhairligh Náisiúnta	6
Modheolaíocht	6
Gluais	8
Líonraí Rannpháirtíochta Pobail – 2023	12
Guthanna Pobail a Mhéadú	12
Machnamh a Dhéanamh ar Riachtanais an Phobail	14
Cuimsiú Pobail a Spreagadh	15
Gníomhú Pobail ar son na hAeráide a Chumasú	16
Ag tabhairt aitheantais do Dhúshláin an Phobail	16
Cuid 1: Comhaltas	17
Cuid 2: Ionadaíocht agus Cinnteoireacht	19
Fís d'Fholláine an Phobail	20
Ionadaíocht ar Chomhlachtaí Cinnteoireachta	23
Tacaíochtaí d'Ionadaithe an LRP	24
- Nascghrúpaí agus Grúpaí Téamacha	24
- Ionadaithe Ceantair Bhardasaigh	25
Cuid 3: Oiliúint agus Forbairt Acmhainne	26
Oiliúint a cuireadh ar fáil do na LRPanna	28
- Oiliúint ar Líne do Pháirtithe Leasmhara le haghaidh LRPanna	28
Cuid 4: Bainistíocht, Riarachán agus Airgeadas	30
Cruinnithe	30
Struchtúr na LRPanna	31
Comhoibriú Idirghníomhaireachta	31
Cuimsiú Sóisialta	36

Cuid 5: Ag Obair leis an Údarás Áitiúil	42
Comhairliúcháin an Údaráis Áitiúil	43
Réimsí Sonracha Comhoibrithe	44
Suíocháin Phobail a Leithdháileadh	44
Cáilitheacht le haghaidh Deontais	45
Oiliúint agus Ionduchtúchán ag Údaráis Áitiúla	46
Aguisín 1: Sonraí Teagmhála LRP (Deireadh Fómhair 2024)	47
Aguisín 2: Forbhreathnú ar Ghníomhaíocht LRP in 2023	48
Aguisín 3: Tionchair LRP in 2023	50
Aguisín 4: Samplaí de Chomhairliúcháin ar éirigh leo in 2023	64



Réamhrá

**ón Aire Stáit ar a bhfuil freagracht as Forbairt Pobail,
Imeascadh agus Carthanais, an tAire Joe O'Brien**

Mar an tAire ar a bhfuil freagracht as Forbairt Pobail, Imeascadh agus Carthanais, is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil LRP na bliana 2023 a chur os comhair an phobail.

Táim an-bhródúil as an méid atá bainte amach ag na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail (LRPanna) in 2023. In éineacht leis an méid a chuireann siad le cinntí beartais áitiúla, d'fhás na LRPanna ag ráta nach mór an-tapa. Faoi dheireadh na bliana, bhí méadú tagtha ar LRPanna go 19,063 grúpa comhaltais ar fud na tíre a dhéanann ionadaíocht ar na hearnálacha Pobail agus Deonacha, Comhshaoil agus Cuimsithe Shóisialta. Is léir go n-éireoidh go maith leis an ngluaiseacht LRP amach anseo.

Cé go raibh go leor buaicphointí ann in 2023, ó mo thaobh féin de, bhí an-áthas orm an feachtas feasachta náisiúnta do Líonraí Rannpháirtíochta Pobail a sheoladh. Dhírigh an feachtas ar na buntáistí a bhaineann le comhaltas i LRP a chur in iúl do ghrúpaí pobail agus deonacha. Sheol an feachtas aitheantas an branda LRP nua freisin agus leag sé béim ar chuid de na scéalta rathúla iomadúla a bhaineann le LRPanna. Fuarthas amach ó anailís a rinneadh ar an bhfeachtas go raibh os cionn 2 mhilliún léitheoir agus os cionn 12 mhilliún imprisean fógraíochta digití ag an lucht féachana sa tréimhse.

Bhí gníomhú ar son na haeráide fós ina ardtosaíocht do LRPanna in 2023, ag teacht leis an ról atá acu cabhrú lenár gcuspóir aeráide náisiúnta a bhaint amach, is é sin aistriú chuig geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, saibhir ó thaobh bithéagsúlachta de, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus neodrach ó thaobh na haeráide de faoi dheireadh 2050. Faoi Acht um Gníomhú ar son na hAeráide, ní mór d'údarais áitiúla dul i gcomhairle le LRPanna chun Pleananna Áitiúla um Gníomhú ar son na hAeráide a fhorbairt. Ar an mbealach sin, is féidir leis na hoibrithe deonacha a chuimsíonn LRPanna a dtaithí agus a n-eolas luachmhar ón bhfíorshaol a chur san áireamh i bpleanáil aeráide áitiúil. Tá samplaí den obair atá déanta ag LRPanna sa réimse seo san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

Bunaíodh LRPanna chun páirt lárnach a ghlacadh i gcóradh sibhialta áitiúil agus i rannpháirtíocht an phobail i bpróisis rialtais áitiúil. Chun a chinntiú go leanfaidh LRPanna de bheith faoi bhláth amach anseo, agus ag tógáil ar thorthaí Athbhreithnithe Struchtúraigh LRP a foilsíodh in 2022, in 2023 lean grúpa oibre de pháirtithe leasmhara LRP de dhul chun cinn a dhéanamh maidir le Treochlár LRP a fhorbairt, arb é is aidhm dó torthaí an Athbhreithnithe Struchtúraigh a bheachtú agus a chur chun feidhme. I bhfianaise na forbartha agus an athraithe a tharla ó bunaíodh LRPanna, beidh an Treochlár ina chéim thábhachtach chun cinn chun a chur ar chumas LRPanna leanúint de bheith faoi bhláth. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an ngrúpa oibre as a dtiomantas don phróiseas agus as an obair ar fad atá déanta acu chun an tionscadal seo a chur chun cinn.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom a chur in iúl go bhfuil mé féin agus mo Roinn tiomanta leanúint de thacaíocht a thabhairt do LRPanna amach anseo. Ba mhaith liom an deis a thapú freisin chun ceiliúradh a dhéanamh ar rannchuidiú gach duine a bhfuil baint acu leis na 31 LRP ar fud na tíre — na grúpaí comhaltais, na hoibrithe deonacha, na Rúnaíochtaí agus an fhoireann.

Go raibh maith agaibh go léir as an obair chrua a dhéanann sibh.

Joe O'Brien

Aire Stáit
ar a bhfuil freagracht as Forbairt Pobail,
Imeascadh agus Carthanais

Réamhrá

ó Chathaoirleach Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP)

Bhí an tsochaí fós ag dul in oiriúint don domhan i ndiaidh COVID sa bhliain 2023. Bhí deireadh curtha le srianta, bhí imeachtaí, tionscadail, comhairliúcháin agus deiseanna oiliúna spreagúla ar fáil arís do ghrúpaí comhaltaí LRP, agus is léir ón tuarascáil seo gur ghlac LRPanna go hiomlán leis na deiseanna chun teagmháil a dhéanamh lena gcomhaltaí go pearsanta arís.

Ba mhaith liom gach ceann de na 31 LRP ar fud na tíre a mholadh as an obair chrua a dhéanann sibh agus as bhur dtiomantas spiorad an phobail a thabhairt ar ais arís. Trí oiliúint, cumarsáid, rannpháirtíocht agus comhroinnt faisnéise a chur ar fáil, tugann sibh na huirlisí do ghrúpaí pobail chun páirt a ghlacadh agus tionchar a imirt ar bheartas ina réimsí féin.

Mórtionscadal a bhí ar siúl in 2023 ba ea an Feachtas Feasachta Náisiúnta do Líonraí Rannpháirtíochta Pobail. Bhí an feachtas seo ar siúl ar feadh míonna agus tháinig sé chun cinn nuair a mhol páirtithe leasmhara an gá a bhí le hinfheictheacht LRPanna a mhéadú ar leibhéal náisiúnta. Thug foghrúpa den Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta a gcuid ama go deonach chun oibriú ar an bhfeachtas, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as an méid a chuir siad leis an tionscadal agus as an gcúnamh a thug siad dó. Ba é an feachtas seo an chéad cheann dá leithéid do scéim inár Roinn. Feachtas cumarsáide il-leibhéil a bhí ann, agus tá a fhios agam gur ghlac go leor LRPanna leis an oiliúint agus leis an gcomhairle shaineolach a chuir Alice PR ar fáil, a ndearnamar conradh leo chun an tionscadal a chur i gcrích. Ba é cuspóir an fheachtais an LRP a chur chun cinn ar fud Ranna Rialtais, Údaráis Áitiúla agus i bpobail. B'ábhar bróid dúinn é an leibhéal rannpháirtíochta a bhí i gceist leis an bhfeachtas, chomh maith leis an gclúdach sna meáin áitiúla agus náisiúnta.

Tar éis fhoilsiú an Athbhreithnithe Struchtúraigh ar Líonraí Rannpháirtíochta Pobail in 2022, cuireadh próiseas comhoibríoch i bhfeidhm chun oibriú leis an bpobal LRP chun Treochlár cur chun feidhme a fhorbairt chun gníomhaíochtaí amach anseo a threorú chun struchtúir LRP a neartú. Rinneadh dul chun cinn leanúnach maidir le forbairt an Treochláir in 2023, faoi mhaoirseacht agus faoi threoir Ghrúpa Oibre an Treochláir. Is é an Grúpa an príomhfóram chun moltaí a fhorbairt agus a chur faoi bhráid an Aire maidir le gníomhartha amach anseo, ag baint úsáid as próisis rannpháirtíochta agus chomhdheartha lena chinntiú go bhfuil páirtithe leasmhara rannpháirteach go gníomhach. Is é aidhm an Treochláir forbairt sa todhchaí a threorú chun a chur ar chumas LRPanna an ról a leagtar amach dóibh i dTuarascáil 2014 ar Rannpháirtíocht na Saoránach leis an Rialtas Áitiúil a chomhlíonadh ar

an mbealach is fearr, agus chun a chur ar chumas LRPanna feidhmiú ar an mbealach is éifeachtaí sa todhchaí. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na comhaltaí den ghrúpa oibre as an obair dhíograiseach atá déanta acu agus as a dtiomantas don tionscadal seo.

Thaistil muid go Cill Mhantáin, 'Gairdín na hÉireann', do Chomhdháil an LRP in 2023. Ócáid iontach a bhí inti, a thug Páirtithe Leasmhara LRP le chéile chun na deiseanna líonraithe, comhroinnte faisnéise agus sóisialaithe rithábhachtacha sin a thapú. Sílim go n-aontóidh sibhse go léir a bhí i láthair liom nuair a deirim go ndearna LRP Chill Mhantáin an-jab go deo ag óstáil na comhdhála agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as imeacht an-speisialta a eagrú.

Thar ceann an Ghrúpa Chomhairligh Náisiúnta, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na Rúnaíochtaí, le hoibrithe deonacha na ngrúpaí comhaltais agus le baill foirne gach LRP ar fud an chontae.

Tá ról rithábhachtach ag an obair a dhéanann sibh chun gur féidir cluas éisteachta a thabhairt do shaoránaigh agus tá bhur dtiomantas cabhrú le bhur bpobail le moladh.

Mar fhocal scoir ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le mo chomhchomhaltaí den Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta, chomhaltaí reatha agus iarchomhaltaí araon. Tugann bhur n-eolas, bhur ndúthracht agus bhur dtiomantas do LRPanna léargas agus tacaíocht luachmhar don Roinn. Tá an-mheas agam féin agus ag an bhfoireann ar bhur dtreoir agus bhain mé an-taitneamh as a bheith ag obair libh le 6 bliana anuas.

Ba cheart do na LRPanna a bheith thar a bheith bródúil as a bhfuil bainte amach acu in 2023, is ábhar misnigh é an paisean atá agaibh do bhur bpobail.

Ba mhaith liom gach rath a ghuí oraibh agus gura fada buan sibh.



Ciara Bates
Cathaoirleach, Grúpa Comhairleach Náisiúnta an LRP



Réamhrá

Tá rannpháirtíocht a thabhairt do dhaoine i gcinnteoireacht a théann i bhfeidhm orthu féin agus ar a saol i gcoilár an daonlathais. Tá níos mó i gceist leis an bhfhíor-rannpháirtíocht ná vótáil (daonlathas ionadaíoch) le go mbíonn na pobail agus an rialtas ag obair i bpáirt chun bonneagar agus seirbhísí a chruthú in éineacht, fadhbanna a réiteach agus oibriú ar mhaithe le leas na ndaoine uilig don ghlúin seo agus do na glúnta atá le teacht (daonlathas plé ghrúpa). De réir an t-sainmhínithe, éilíonn cur chuige den chineál sin go bhfágfar ar leataobh na difríochtaí cumhachta agus go ndéantar iarracht ar leith a chinntiú go n-éistear le guthanna agus tuairimí na ndaoine nach mbíonn tionchar acu go traidisiúnta agus go gcuirtear sa mheá iad.

Tá sé ag éirí níos tábhachtaí daoine a thabhairt le chéile chun ár gcomhghnéitheacht a roinnt tráth a bhfuil ár ndifríochtaí á n-úsáid mar arm. Cuireann plé agus cíoradh ar ár gcumas tuiscint a roinnt ar na saincheisteanna agus fiú mura féidir teacht ar chomhthoil iomlán, is féidir teacht ar réitigh.

In 2014, leasaíodh an tAcht Rialtais Áitiúil chun Líonraí Rannpháirtíochta Pobail (LRPanna) a thabhairt isteach. Aithníonn an LRP an cion atá eagraíochtaí faoi cheannas oibrithe deonacha a chur le caipiteal áitiúil eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil. Éascaíonn sé ionchur ó na heagraíochtaí sin le haghaidh obair an rialtais áitiúil trí struchtúr lena gcinntítear rannpháirtíocht agus ionadaíocht phoiblí i gcoistí cinnteoireachta laistigh den rialtas áitiúil. Tá na LRPanna seo bunaithe i ngach ceantar údarás áitiúil in Éirinn.

Faoi dheireadh 2023, bhí 19,063 eagraíocht phobail agus dheonach, eagraíocht cuimsithe shóisialta agus eagraíocht chomhshaoil ina gcomhaltaí den LRP. Toghadh os cionn 926 lonadaí LRP chuig 343 coiste a dhéileálann le beartas straitéiseach, forbairt pobail áitiúil, póilíneacht phobail agus mar sin de. Bliain dhúshlánach eile a bhí in 2023. Lean na LRPanna orthu ag soláthar tacaíochtaí luachmhara agus riachtanacha ar fud an domhain, ag léiriú teacht aniar agus ag oiriúnú chun freastal ar raon leathan riachtanas pobail.

Oibríonn údaráis áitiúla agus LRPanna i gcomhar lena chéile chun tacú le pobail agus cur le hacmhainneacht na n-eagraíochtaí comhaltais ionas go mbeidh ar a gcumas a bheith rannpháirteach go stuama ó thaobh saincheisteanna a bhaineann leo. Tá ról suntasach ag na LRPanna ó thaobh forbairt

agus oideachas a ngrúpaí comhaltais, faisnéis a roinnt, dea-chleachtas a chur chun cinn, agus líonrú a éascú. Trí eolas agus saineolas áitiúil a chur ar fáil do ghrúpaí cinnteoireachta, oibríonn siad lena chinntiú go dtugtar cluas do go leor tuairimí éagsúla, ag cinntiú torthaí níos daingne agus pobail níos fearr sa deireadh thiar thall. Tá ról fíorthábhachtach ag údaráis áitiúla freisin i ndáil le rannpháirtíocht a éascú trí phróisis oscailte comhairliúcháin agus trí rannpháirtíocht ghníomhach.



Well-organized deliberation, however, engages ordinary citizens in an unbiased, comprehensive dialogue. This engagement is an antidote to cynicism and political resentment—and in today’s polarized world, it may provide an answer to populism and the accompanying growing distrust of elites, which has been especially poisonous in the body politic.”

David M. Farrell, Jane Suiter, *Re imagining Democracy*. Leathanach 37.

Sa tuarascáil ón nGrúpa Oibre um Rannpháirtíocht na Saoránach leis an Rialtas Áitiúil, a bunaíodh i mí Mheán Fómhair 2013, rinneadh moltaí maidir le hionchur níos fairsinge agus níos éagsúla ó shaoránaigh sna próisis chinnteoireachta ar leibhéal an rialtais áitiúil. Foilsíodh Tuarascáil an Ghrúpa Oibre i mí Feabhra 2014.

Tugadh breac-chuntas sa tuarascáil ar na bealaí ina bhféadfaí struchtúir agus próisis a aimsiú, le rannpháirtíocht na sochaí eagraithe sibhialta leis an rialtas áitiúil a neartú. Ina leith sin, moladh sa Tuarascáil go ndéanfaí Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP) a bhunú i ngach limistéar údaráis áitiúil leis an bpobal a chumasú le ról gníomhach foirmiúil a bheith acu i gcoistí ábhartha déanta beartais agus maoirseachta an údaráis áitiúil.

Moladh i dTuarascáil an Ghrúpa Oibre gur cheart monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar obair na LRPanna ar bhonn rialta ag teacht le dea-chleachtais.

Ról an Ghrúpa Chomhairligh Náisiúnta

Cuimsíonn an Grúpa Comhairleach Náisiúnta ionadaí amháin anois ó na hearnálacha Pobail agus Deonacha, Comhshaoil agus Cuimsithe Shóisialta, triúr oibrithe deonacha LRP — ionadaí amháin an ceann do na trí earnáil éagsúla, triúr oibrithe acmhainne LRP agus beirt chomhaltai foirne Údaráis Áitiúil (duine amháin ag leibhéal Stiúrthóra Seirbhíse agus duine amháin ag tacú go díreach le LRP). Is í an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a dhéanann cathaoirleacht ar an nGrúpa agus cuireann sí seirbhísí rúnaíochta ar fáil don Ghrúpa freisin. Tá comhaltas an Ghrúpa Chomhairligh le linn 2023 leagtha amach i dTábla 1.

Chomh maith lena ról monatóireachta, tá sé de chúram ar an nGrúpa Comhairleach freisin comhairle agus tacaíocht a thabhairt don Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail chun na LRPanna a fhorbairt. An Tuarascáil Bhliantúil seo, ina dtugtar forléargas ar an obair a rinne LRPanna in 2023, d’fhorbair foghrúpa de Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta LRP í lena cur i gcrích ag LRPanna agus ag Údaráis Áitiúla.

Modheolaíocht

I lár 2024, cheap agus chomhaontaigh foghrúpa na Tuarascála Bliantúla teimpléad comhairliúcháin a scaipeadh ar gach LRP agus Údarás Áitiúil trí survey monkey lena chríochnú. Tiomsaíodh na tuairisceáin chomhlánaithe chun críocha anailíse.

Is féidir linn a thuairisciú go bhfuil tuairisceáin chomhlánaithe ag 30 LRP. I gcás inar féidir, cuirtear sonraí inchomparáide ó 2022 san áireamh, ach ní bheidh na sonraí sin inchomparáide go díreach leis na sonraí atá i dTuarascáil Bhliantúil 2022 toisc gur bhain an tuarascáil sin le 29 LRP. Maidir leis na figiúirí comhaltais, is ionann iad seo agus gach ceann de na 31 LRP mar go gcuireann Salesforce na figiúirí ar fáil.

Tábla 1: Comhaltas an Ghrúpa Chomhairligh Náisiúnta le linn na bliana 2023

	Ainm	Eagraíocht
Cathaoirleach	Ciara Bates	An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
Ionadaí na hEarnála Pobail & Deonaí	Catherine Lane	Comhairle Náisiúnta na mBan in Éirinn
Ionadaí na hEarnála um Chuimsiú Sóisialta	Seán Healy	Ceartas Sóisialta Éireann
Ionadaí na hEarnála um Chuimsiú Sóisialta	Louise Lennon	Nasc Tuaithe na hÉireann
Ionadaí na hEarnála Comhshaoil	Charles Stanley Smith	Líonra Comhshaoil na hÉireann
Ionadaí Oibrithe Acmhainní	Helen Howes	LRP Chill Mhantáin
Ionadaí Oibrithe Acmhainní	Kieran Walsh	LRP Bhaile Átha Cliath Theas
Ionadaí Oibrithe Acmhainní	Muriel Tobin	LRP Phort Láirge
Ionadaí Oibrithe Acmhainní	Sarah Wetherald	LRP Shligigh
Ionadaí d'Oibrithe Deonacha LRP – Earnáil P&D	Lynda O'Shea	LRP Phort Láirge
Ionadaí d'Oibrithe Deonacha LRP – Earnáil P&D	Vincent Lyons	LRP Chontae na Gaillimhe
Ionadaí Deonach LRP – an Earnáil um Chuimsiú Sóisialta	Gerry Kerr	LRP Chathair Bhaile Átha Cliath
Ionadaí Deonach LRP – an Earnáil um Chuimsiú Sóisialta	Donal O'Shea	LRP Laois
Ionadaí Deonach LRP – an Earnáil Comhshaoil	Clíona Kelliher	LRP Chill Dara
Ionadaí Deonach LRP – an Earnáil Comhshaoil	Bill Morrell	LRP Chiarraí
Ionadaí CBCC	John Quinlivan	Comhairle Contae Fhine Gall
Ionadaí CBCC	Brendan Jennings Brian Beck	Comhairle Contae an Chabháin LRP Thiobraid Árann

Gluais

Tá raon leathan sainmhínithe ann a chlúdaíonn cineál agus scóip na rannpháirtíochta pobail agus an rialtais áitiúil. Tugtar sainmhíniú ar roinnt acu seo thíos:

Ciallaíonn **Grúpa Comhairleach** Grúpa Comhairleach Náisiúnta an LRP (féach freisin GCN).

Is **grúpaí iad Comhaltaí Comhlacha** nach gcomhlíonann na critéir iomlána le haghaidh comhaltais den LRP.

CBCC: Is é Cumann na Bainistíochta Contae agus Cathrach 'guth ionadaíoch' an líonra bainistíochta rialtais áitiúil. Tá comhaltaí an CBCC ina bpríomhfheidhmeannaigh ar na comhairlí contae agus cathrach agus ina bpríomhfheidhmeannaigh chúnta i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Comhairle na nÓg: Is comhairlí iad seo don aos óg atá lonnaithe i 31 láthair i bPoblacht na hÉireann, a thugann deis don aos óg in Éirinn a bheith rannpháirteach i ndul chun cinn seirbhísí agus beartas áitiúil.

Tagraíonn **pobal** d'áit (amhail comharsanacht nó limistéar níos leithne), féiniúlacht (amhail baint le grúpa eitneach), nó leas (amhail tiomantas i gcoiteann le daoine eile, mar shampla, cearta míchumais).

Is tionscnamh rialtais atá sa **Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail** a thugann an earnáil pobail agus dheonach, an pobal, seirbhísí reachtúla éagsúla eile, agus comhairleoirí áitiúla chun oibriú le chéile chun saincheistanna sábháilteachta pobail a aithint agus dul i ngleic leo ar leibhéal áitiúil. Táthar ag cur tús le Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla ar bhun píolótach ar feadh 24 mí i dTuaisceart Lár Chathair Bhaile Átha Cliath, sa Longfort agus i bPort Láirge.

Déanann an **Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht** maoirseacht ar oibriú agus ar fhorbairt an chórais rialtais áitiúil agus soláthraíonn sí an creat beartais ina n-oibríonn agus ina soláthraíonn údaráis áitiúla seirbhísí do na pobail a ndéanann siad ionadaíocht orthu agus a bhfreastalaíonn siad orthu. Ó mhí Iúil 2017, aistríodh an creat beartais maidir le CFPÁna, PÁEPna agus LRPanna ón Roinn

Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Aithnítear in Airteagal 28A de Bhunreacht na hÉireann an ról atá ag rialtas áitiúil maidir le fóram a sholáthar le haghaidh ionadaíocht dhaonlathach a dhéanamh ar phobail agus maidir le cumhachtaí arna mbronnadh le dlí a fheidhmiú agus a chomhlíonadh.

Bunaíodh an **Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP/ an Roinn)** i mí Iúil 2017 chun forbairt tuaithe agus pobail a chur chun cinn agus chun tacú le pobail bhríomhara, chuimsitheacha agus inbhuanaithe ar fud na tíre. Maidir leis an LRPanna, is í an Roinn an príomh-mhaoinitheoir, cuireann sí Cathaoirleach ar fáil don Ghrúpa Náisiúnta Comhairleach agus tá sí freagrach as forbairt agus maoirseacht fhoriomlán na LRPanna.

Is ionann an **Chomhairle Thofa** agus fóram ceaptha beartais an údaráis áitiúil; déanann comhaltaí na gceantar bardasach cinntí a mbíonn tionchar acu ar limistéar an cheantair bhardasaigh. Feidhmíonn Comhairlí Tofa (a fheidhmíonn ar leibhéal údaráis áitiúil nó ceantair bhardasaigh) 'feidhmeanna forchoimeáda' de réir mar atá sainmhínithe ar fud raon leathan reachtaíochta. Is é an feidhmeannach, m.sh. na hoifigigh lánaimseartha faoi stiúir an phríomhfheidhmeannaigh, a dhéanann an t-údarás áitiúil a bhainistiú ó lá go lá. Tá sé de dhualgas ar an bpríomhfheidhmeannach comhairle agus cúnamh a thabhairt don Chomhairle Thofa le linn di a feidhmeanna a fheidhmiú.

Lámhleabhar: Sraith ilchodach Treoirlínte agus comhairle a eisíodh i mí na Samhna 2020 chun cabhrú le LRPanna agus le páirtithe leasmhara eile, a tháinig in ionad an Treoir d'Úsáideoirí a bhí ann roimhe sin.

FSS: Is í Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an córas cúraim sláinte a mhaoinítear go poiblí i bPobalacht na hÉireann.

CCP: An Comhchoiste Póilíneachta Coiste Údaráis Áitiúil a chuimsíonn, comhairleoirí, Teachtaí Dála, Seanadóirí, na Gardaí agus páirtithe leasmhara seachtracha ar nós na LRPanna a dhéanann moltaí beartais maidir le saincheisteanna póilíneachta. Déantar foráil in Alt 36 d'Acht an Gharda Síochána i leith bunú CCP i ngach ceantar riaracháin Údarás Áitiúil agus mar chuid de struchtúir an Rialtais Áitiúil.

GGÁ: Grúpa Gníomhaíochta Áitiúil – riarann siad sin Clár Leader ar an leibhéal áitiúil.

CFPÁ: Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil – Coiste Údaráis Áitiúil ar a bhfuil comhaltaí poiblí agus comhaltaí phríobháideacha agus a dhéanann maoirseacht ar chlár forbartha pobail i gceantair áirithe, lena n-áirítear, LEADER agus SICAP. De ghnáth, bíonn 5 chomhalta ag LRPanna ar an gcoiste sin. Tá sé mar aidhm ag LRPanna cur chuige comhleanúnach, comhtháite a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm i réimse na forbartha áitiúla agus na forbartha pobail.

LEADER: Clár maoinithe a chuirtear ar fáil trí GGÁna, a bhfuil sé mar aidhm leis tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil i gceantair thuaithe. Is clár é LEADER trína dtugtar tacaíocht d'fhiontair phríobháideacha agus do ghrúpaí pobail chun tionscadail a chur i gcrích atá dírithe ar fheabhas a chur ar an gcaighdeán maireachtála i gceantair thuaithe agus ar spreagadh a thabhairt maidir le héagsúlú a dhéanamh ar ghníomhaíocht eacnamaíochta i gceantair thuaithe.

PÁEP: Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail - Is é is aidhm leis an bplean ná na cuspóirí agus gníomhartha atá de dhíth chun forbairt eacnamaíochta agus forbairt áitiúil agus phobail an limistéir Údaráis Áitiúil ábhartha a chur chun cinn agus tacú leo ar feadh tréimhse sé bliana, as féin go díreach agus i gcomhar le páirtithe leasmhara forbartha eacnamaíochta agus pobail eile.

Nascghrúpa: Grúpa páirtithe leasmhara LRP i saincheist ar leith a thagann le chéile chun moltaí beartais a dhéanamh agus a oibríonn go dlúth le hIonadaí LRP ar bhord nó ar choiste ábhartha.

Údaráis Áitiúla (ÚÁ): Comhairlí Cathrach nó Contae. Tá ról lárnach acu ó thaobh tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt eacnamaíochta agus fiontraíocht ag leibhéal áitiúil. Tá tacaíocht

an Rialtais Áitiúil ar an talamh rithábhachtach do rathúlacht an líon mór tionscnaimh a chuireann treallús faoi phobail áitiúla. Ina measc seo tá féilte agus imeachtaí áitiúla; dearadh sráid-dreacha agus scéimeanna athnuachana sráidbhailte; tacaíocht do mhicrifhiontair, páirceanna gnó agus aonaid ghoir; rannpháirtíocht i dtionscadail éifeachtúlachta fuinnimh; leathanbhanda tuaithe a chur chun cinn agus pleanáil le haghaidh infheistíochtaí móra sa gheilleagar glas.

Cuideachtaí Forbartha Áitiúla (CFÁ):

Eagraíochtaí a bhfuil sé de chúram orthu tacú le forbairt eacnamaíochta agus sóisialta sna ceantair ar a bhfuil siad ag freastal. De ghnáth, déantar conarthaí le CFÁna chun clár a sheachadadh, ar nós, an Clár Forbartha Tuaithe (LEADER), an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) agus Tús.

Déantar foráil san Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014 do raon athruithe ar eagrú agus ar obair na n-údarás áitiúil. I measc nithe eile, déantar foráil do chónascadh líon údarás áitiúil, maidir le deireadh a chur le comhairlí baile, maidir le deireadh a chur le boird forbartha cathrach agus le boird forbartha contae agus maidir le bunú coistí áitiúla forbartha pobail agus déantar foráil do raon athruithe ar na feidhmeanna a dtugann údaráis áitiúla fúthu. Cuireadh tús le hAlt 46 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014 an 1 Meitheamh 2014 agus soláthraíonn sé an bonn reachtach a thugann éifeacht don Chreat um Rannpháirtíocht Pobail agus do na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail (LRPanna).

Ciallaíonn **MOU** Meabhrán Tuisceana (comhaontú idir an tÚdarás Áitiúil agus an LRP).

Muintir na Tíre: An Cumann Náisiúnta um Fhorbairt Pobail a Chur Chun Cinn in Éirinn.

Ceantar Bardasach (CB): Forannán de chuid ceantar Údaráis Áitiúil. Tagann Comhairleoirí le chéile ar leibhéal Ceantair Bhardasaigh agus, chomh maith leis sin, ag leibhéal na comhairle ina hiomláine. Bunaíodh CBanna tar éis an Achta um Athchóiriú Rialtais Áitiúil in 2014.

(n=XXX) Léiríonn sé uimhir e.g., líon na bhfreagraí, líon na ndaoine a d'fhreagair ceist.

Ciallaíonn **GCN** an Grúpa Comhairleach Náisiúnta LRP.

Is ionann **eagraíochtaí seachbhrabúsacha** agus eagraíochtaí a oibríonn ar mhaithe le leas na sochaí, leas an phobail agus/nó ar mhaithe le sainleas. Ní dhéanann siad aon bhrabús agus aon ioncam farasbairr nach dteastaíonn uathu leis an eagraíocht a reáchtáil déanann siad an t-ioncam sin a infheistiú ar ais san eagraíocht chun nithe a fheabhsú nó a choinneáil ag imeacht. Ní dhéantar aon íocaíochtaí le scairshealbhóirí. Áirítear ann raon ollmhór eagraíochtaí idir ghrúpaí beaga gan aon ioncam agus charthanais mhóra.

Is clár maoinithe de chuid an Aontais Eorpaigh é **PEACEPLUS**, a ceapadh chun tacú leis an tsíocháin agus leis an rathúnas ar fud Thuaisceart Éireann agus chontaetha teorann na hÉireann.

Seisiún Iomlánach: Grúpaí comhaltais go léir i LRP. Is é an LRP Iomlánach comhlacht críochnaitheach cinnteoireachta an LRP.

Pobal: Eagraíocht a oibríonn thar ceann an Rialtais, agus i gcomhar le pobail agus le gníomhaireachtaí áitiúla, chun tacú le cuimsiú sóisialta agus le forbairt áitiúil agus pobail. Riarann agus bainistíonn siad maoiniú rialtais agus AE atá dírithe ar thacú le cuimsiú sóisialta agus ar aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste sóisialta sa tír.

Ciallaíonn **Buiséad LRP** an méid bliantúil atá ar fáil don LRP, ón RFTP, ón Údarás Áitiúil agus ó fhoinse eile.

Is ionann **Salesforce** agus córas bainistíochta sonraí agus faisnéise a úsáideann gach LRP. Ligeann an córas do LRPanna faisnéis faoi ghrúpaí comhaltais a fháil agus a bhainistiú, mionsonraí a stóráil maidir le heagraíochtaí, grúpaí pobail agus líonra, bainistíocht a dhéanamh ar mhaoiniú ó eagraíochtaí, bainistíocht a dhéanamh ar fheachtais ar nós cumarsáidí ríomhphoist agus tuarascálacha saincheaptha a chruthú agus mar sin de.

Ciallaíonn **Rúnaíocht** comhlacht riaracháin an LRP arb é a ról cinntí an tSeisiúin Iomlánaigh a chur i ngníomh; a chinntiú go ndéantar an LRP a reáchtáil gan stró idir Seisiúin Iomlánacha; gníomhaíochtaí an LRP a chomhordú; cumarsáid rialta a dhéanamh le Grúpaí Comhaltais go léir an LRP agus faisnéis maidir le gníomhaíochtaí go léir an LRP a scaipeadh chomh forleathan agus is féidir; agus Oibrithe an LRP éascú agus a chumasú ina ngníomhaíochtaí laethúla ar mhaithe le cuspóirí an LRP a sheachadadh.

Tá **SICAP** (An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail) ceaptha chun laghdú a dhéanamh ar bhochtaineacht agus chun cuimsiú sóisialta agus comhionannas a chur chun cinn. Oibríonn gach soláthróir SICAP le daoine aonair agus le grúpaí pobail araon i gcathair/i gcontae nó i bhforannán de chathair/chontae agus iad ag díriú ar dhaoine atá thíos le míbhuntáiste agus ar cheantair atá ainmnithe mar cheantair faoi mhíbhuntáiste.

Is beartas 10 mbliana de chuid an Rialtais é **Sláintecare** a bhfuil sé mar aidhm leis an córas sláinte a athchóiriú agus cúram sláinte uilíoch a sholáthar.

Cuimsiú Sóisialta: gníomhaíocht atá dírithe ar fheabhas a chur ar sheansanna agus ar dheiseanna saoil daoine atá ar an imeall sa tsochaí, atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht nó atá dífhostaithe trí leas a bhaint as cur chuige forbartha pobail chun pobail inbhuanaithe a bhunú ina ndéantar luachanna an chomhionannais agus an chuimsithe a chur chun cinn agus ina bhfuil meas ar chearta an duine.

CBS (Coiste um Beartais Straitéiseacha): coistí áitiúla de chuid comhairlí cathrach agus contae atá comhdhéanta de Chomhairlí Tofa agus d'ionadaithe ón réimse gnó, ón réimse talmhaíochta, ó ghrúpaí comhshaoil/caomhantais agus ó na ceardchumann, mar aon le comhaltáí ón earnáil phobail agus dheonach. Tá sé mar dhualgas ar na Coistí um Beartais Straitéiseacha (CBSanna), mar choistí de chuid na comhairle, comhairle agus cúnamh a thabhairt don chomhairle maidir le ceapadh, forbairt agus athbhreithniú beartais. Níl aon chúram orthu maidir le gnáthchúrsaí oibríochtúla maidir le seirbhísí a sholáthar. Tá sé i gceist le córas CBS deis a thabhairt do chomhairleoirí agus do leasanna earnála ábhartha ról iomlán a bheith acu sa phróiseas ceaptha beartais ó na céimeanna is luaithe den phróiseas sin.

Ciallaíonn **Forbairt Inbhuanaithe** forbairt a fhreastalaíonn ar riachtanais faoi láthair gan dochar a dhéanamh do chumas na nglúnta amach anseo freastal ar a gcuid riachtanas féin.

Grúpa Téamach: Grúpa de pháirtithe leasmhara an LRP a oibríonn ar théama beartais a bhfuil baint aige leo ar fad, m.sh., míchumas, cuimsiú sóisialta, inbhuanaitheacht.

T.D. - Tá an Teachta Dála ina chomhalta de Dháil Éireann, teach íochtarach an Oireachtais (Parlaimint na hÉireann).

Tusla: An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, ghníomhaireacht thiomnaithe Stáit atá freagrach as folláine agus torthaí níos fearr do leanaí.

Treoir Úsáideora: Sraith ilchodach Treoirlínte agus comhairle a eisíodh in 2016 chun cabhrú leis na LRPanna agus na páirtithe leasmhara eile, cuireadh an Lámhleabhar ina ionad i mí na Samhna 2020.

Is ionann **Eagraíochtaí faoi cheannas oibrithe deonacha** agus eagraíochtaí atá á rialú ag grúpa oibrithe deonacha agus iad ag gníomhú mar choiste, mar bhord nó de réir struchtúr éigin eile. D'fhéadfadh comhaltaí foirne íoctha a bheith acu freisin a ghníomhaíonn thar ceann an bhoird.

Déanann **Folláine** cur síos ar phobal a bhfuil freastal á dhéanamh ar a bhunriachtanais agus ina mothaíonn daoine go bhfuil ról fiúntach acu agus go bhfuil siad in ann spriocanna tábhachtacha a bhaint amach, páirt a ghlacadh sa tsochaí agus saol a chaitheamh a bhfuil meas acu air agus a bhfuil cúis acu le meas a bheith acu air.

Ciallaíonn **Grúpa Oibre** an Grúpa Oibre um Rannpháirtíocht na Saoránach atá ag an Rialtas Áitiúil. Bunaíodh an grúpa seo i Meán Fómhair 2013. Bhí sé mar ról ag an nGrúpa moltaí a dhéanamh maidir le hionchur níos leithne agus níos ilchineálaí a bheith ag saoránaigh sa phróiseas cinnteoireachta ar leibhéal an rialtais áitiúil. Foilsíodh Tuarascáil an Ghrúpa Oibre an 28 Feabhra 2014 agus d'eascair bunú na LRPanna as a chuid moltaí.

Ciallaíonn **Oibrí**, Oibrí Acmhainní, Oibrí Tacaíochta nó oibrí eile atá fostaithe ag LRP le tabhairt faoina chuid dualgas.





Líonraí Rannpháirtíochta Pobail – 2023

Bliain eile a bhí in 2023 ina raibh tionchar ag imeachtaí domhanda ar chúrsaí áitiúla. Bhí pobail fós ag déileáil le héifeachtaí Covid 19, coinbhleachtaí leanúnacha ar fud an domhain agus an tionchar a bhí acu sin ar bhuiséid náisiúnta agus áitiúla agus ar sholáthar seirbhíse. Tá an LRP níos tábhachtaí agus níos ábhartha ná riamh toisc go bhfuil tionchar ag na suaití seo ar chomhtháthú sóisialta pobal ar fud na hÉireann. Is cuid ríthábhachtach é a chinntiú go dtugtar guth na bpobal chuig fóraim chinnteoireachta chun áiteanna sábháilte, slána a chruthú inar féidir le saoránaigh páirt a ghlacadh, déanamh go maith agus fás.

Iarradh ar LRPanna samplaí a thabhairt de thograí nó de ghníomhartha sonracha a thug a nlonadaithe chuig boird agus coistí cinnteoireachta agus na tionchair a bhí acu a leagan amach. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na tionchair a thuairiscíonn gach LRP ina bhfocail féin san áireamh in Aguisín 3.

Guthanna Pobail a Mhéadú

Bhí 10 ionadaí ag LRP Longfoirt ar an gComhpháirtíocht Sábháilteachta Áitiúil. Iarradh suíochán breise chun ionadaíocht a dhéanamh ar an Lucht Siúil. Comhaontaíodh é sin, rud a fhágann gurb é 11 líon iomlán lonadaithe LRP.

D'ardaigh LRP Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an cheist nár ghá gur léiríodh an éagsúlacht sa phobal i gcoitinne i soláthar foirne na stáisiún vótála. Trí aghaidh a thabhairt air sin, d'fhéadfaí cuimsiú níos fearr a chinntiú. Dúirt an tOifigeach um Chuimsiú Sóisialta gur ní é sin a raibh siad ar an eolas faoi agus a raibh sé i gceist acu obair leantach a dhéanamh air go háitiúil.

Ós rud é go bhfuil LRP Thiobraid Árann ar bhord Chomhairle na nÓg, chruthaigh comhroinnt eolais agus ardú saincheisteanna ábhartha níos mó comhoibrithe le daoine óga agus le gníomhaireachtaí gaolmhara i ngach ceann de na cúig cheantar bhardasacha i dThiobraid Árann.

Bhuail Ionadaí an LRP le hoifigigh óige an Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOO) chun nascadh le grúpaí óige nach bhfuil mar chuid den LRP agus mar sin b'fhéidir nach bhfuil siad ag baint leasa as maoiniú d'eagraíochtaí óige. Mar thoradh air seo thacaigh an LRP leis an BOO agus iad á dtreorú chuig grúpaí óige tuaithe a raibh tacaíocht ag teastáil uathu ach nach raibh ar bhunachar sonraí an BOO. Neartóidh an t-idirchaidreamh seo idir an dá eagraíocht grúpaí atá ag obair leis an óige agus tháinig sé ón dá cheann acu mar chuid de ghrúpa stiúrtha Chomhairle na nÓg. Mar gheall ar na naisc a rinne Ionadaí an LRP, thug LRP Thiobraid Árann cuireadh d'oibrithe óige agus dá gcomhaltaí páirt a ghlacadh i sraith comhráite pobail ar fud an chontae ar dhúshlán aeráide agus mapáil ghníomhach ar thionscadail phobail ábhartha. Tugadh cluas éisteachta do ghuth na n-ógánach mar thoradh ar an nasc sin, i ndiaidh cainteanna ag na himeachtaí a reáchtáladh ar stíl World Café.

D'iarr ionadaithe LRP Shligigh ar an gcomhairle a chinntiú nach mbeadh tréthracht trom mar thoradh ar na bealaí atá beartaithe chun rochtain a fháil ar Dhroichead na Garbhóige Thoir, go háirithe feithiclí earraí troma (HGVanna) tríd an limistéar cónaithe agus taitneamhachta sin atá laistigh den chrios dícharbónaithe a leagtar amach i bPlean Áitiúil Shligigh um Ghníomhú ar son na hAeráide. Ba é an freagra ón Stiúrtóir Seirbhísí (SS) ná go bhfuil sé i gceist go n-éascódh an droichead trácht cinn scríbe áitiúil agus go leanfadh tréthracht trom ag úsáid an N4 mar atá faoi láthair. Dhíreodh comharthaíocht trácht níos mó amach ón gceantar agus chuirfí bearta maolaithe tráchta i bhfeidhm.

Chuir Ionadaithe LRP an Chabháin go dearfach agus i gcomhar leis an bPlean Gníomhaíochta Peace Plus trína fhorbairt a dhearadh, a scóráil agus a cheapadh. Measann an LRP gur sampla é an Coiste Peace Plus den dea-chleachtas i gcumhachtú rannpháirtíochta pobail ar bhord áitiúil agus ceann is fiú a thaispeáint. Tá an dearadh ina iomláine ard ar Dhréimire cumhachtaithe Arnsteins a² bhuíochas leis an Oifigeach Síochána a dhéanann maoirseacht ar an bpróiseas agus ar chúnamh Chomhlacht na gClár Speisialta AE (SEUPB).³

Tá sliotán ainmnithe ag LRP Phort Láirge ar chlár oibre uile an CBS Iompair agus Bonneagair. Ceann de na pointí a ardaíodh faoi seo ná iarratas a rinneadh ar nuashonrú ar na bealaí páirceála agus taistil bus agus ar chuarbhealaí. Dúirt an Stiúrtóir Seirbhísí (SS) nár aithníodh aon láithreáin pháirceála agus taistil agus go mbeidh sé cúpla bliain eile sula mbeidh na cuarbhealaí i bhfeidhm ach fósóidh sé na dátaí a bhfuil súil leo leis an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA). Rinneadh an dara hiarratas faoi shábháilteacht tráchta agus saincheisteanna maidir le hacmhail. Dúirt innealtóir sinsearach Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge (CCCPL) go ndearna an LRP roinnt pointí bailí agus go ndéanadh an t-innealtóir ceantair athbhreithniú ar na hacmhail seo agus go mbeidh an t-acomhal ag Bóthar Chorcaí mar chuid den athdhearadh trí thaisteal gníomhach.

Phléigh LRP Cheatharlach an fhéidearthacht go gcuirfí oiliúint ar ghrúpaí pobail maidir le logainmneacha a thaifeadadh, agus gur tionscadal leanúnach ar fud an chontae a bheidh anseo tríd an Oifig Oidhreacht.

Mhol Ionadaí ó Choiste Forbartha Pobail Áitiúil i LRP Ros Comáin athruithe ar chomhdhéanamh an choiste meastóireachta maoinithe ar ghlac an coiste níos leithne leo.

Bhí dlúthbhaint ag ionadaithe LRP an Chláir ón gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil agus ón gCoiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Eacnamaíoch le cur le chéile an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP). Tá sainordú ag an dá choiste an PÁEP a bheidh ar siúl ó 2025 go 2029 a dhearadh, a chur chun feidhme agus a mhaoirsiú agus mar chomhaltaí ar ghrúpa stiúrtha PÁEP, bhí tionchar suntasach ag Ionadaithe LRP an Chláir ar a spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha agus ar an bplean cur chun feidhme.

2 <https://www.citizenshandbook.org/arnsteinsladder.html>

3 Tá an sainchúram reachtúil ar Chomhlacht na gClár Speisialta AE (SEUPB) clár mhaoinithe AE a bhainistiú laistigh de Thuaisceart Éireann agus i gcontaetha teorann na hÉireann, rud a chuidíonn le síocháin agus rathúnas a chothú ar fud an réigiúin.

Machnamh a Dhéanamh ar Riachtanais an Phobail

In LRP Liatroma, chuir Ionadaí an CBS Pleanála, Forbartha Eacnamaíche agus Bonneagair moladh go dtógfai cosán idir Cionn Loch-Bun Dobhráin faoi bhráid cruinniú comhairle. Luaigh sé na contúirtí a bhaineann le siúl ar an mbóthar 3km, agus thart ar 600 méadar den bhealach an-chontúirteach mar gheall ar roinnt castaí an-chontúirteacha.

Ag cruinniú de chuid CBS Taistil agus Iompair Luimnigh, thug Ionadaí LRP i Luimneach cur i láthair ar a dtionscadal Feasachta Rochtana Uilíoch, inar leagadh amach na bacainní laethúla a bhíonn roimh dhaoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta agus daoine a bhfuil bugaithe acu i bpobail i Luimneach nuair nach mbíonn tiománaithe tuisceanach ó thaobh an chaoi a bpáirceálann siad. Tá an tIonadaí seo ina chomhalta den ghrúpa Step Forward Disability a bhí ag obair ar an gceist seo le tamall anuas. D'aithin na comhairleoirí a bhí i láthair an tsaincheist agus aontaíodh gur cheart feachtas feasachta a chur ar bun. Is feachtas “Smaoinigh sula bPáirceálann tú” é seo anois a mbíonn Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus an Garda Síochána ag tacú leis i gcomhpháirt lena n-áitítear ar thiománaithe na himpleachtaí níos leithne a bhaineann leis ag gcaoi a bpáirceálann siad a mheas. Ba é aidhm an fheachtais tiománaithe a stopadh ó pháirceáil ar chosáin, rud is cúis le mór-mhíchaoithiúlacht agus imní sábháilteachta do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht agus a radharc teoranta.

D'ardaigh Nascghrúpa Sábháilteachta Pobail LRP Chathair Chorcaí moladh chun taighde a dhéanamh ar an ngá atá le haonad drugaí soghluaiste i gCorcaigh agus chun ollscoileanna a fhostú chun taighde a dhéanamh thar ceann an LRP agus FSS. Chomh maith leis sin, rinne an Nascghrúpa Comhshaoil moladh go dtacódh an tÚdarás Áitiúil le tionscnaimh múirínithe pobail agus go spreagfadh sé teaghlaigh ar bheagán dramaíola tí.

D'ardaigh Ionadaithe LRP Laoise údair imní sláinte agus sábháilteachta agus sábháilteachta ar bhóithre le Comhairle Contae Laoise agus leis an nGarda Síochána maidir le húsáid scútair ag an CCP. Thacaigh Comhairle Contae Laoise leis an moladh. Eisíodh litir chuig oifig na nAirí inar iarradh reachtaíocht maidir le scútair leictreacha. Is díol sásaimh do LRP Laoise na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Scútair

Leictreacha), 2024 atá ar na bacáin. Ní mór d'úsáideoirí a bheith 16 bliana d'aois nó níos sine agus cloí le luasteorainn 20km/h. Tá cosc ar scútair leictreacha a úsáid ar chosáin agus ní féidir le húsáideoirí na scútar paisinéirí ná earraí a iompar.

Oibríonn Ionadaí um Chuimsiú Sóisialta LRP Lú in earnáil na seirbhísí don aos óg i lár Chontae Lú. Tá méadú suntasach tagtha ar iompar frithshóisialta daoine óga sa cheantar seo le blianta beaga anuas, lena n-áirítear graifítí ciníoch, malairtí béil agus fisiciúla agus úsáid phoiblí drugaí agus alcóil. Chun dul i ngleic le ceist an ghraifítí chiníoch, mhol Ionadaí LRP Lú tionscadal do Chomhchoiste Póilíneachta lár Lú, a chuimsigh daoine óga ón gceantar agus a chuaigh i gcomhairle leo. Is éard a bhí i gceist leis an tionscadal seo ná péinteanna agus acmhainní eile a chur ar fáil do dhaoine óga chun a saothar ealaíne féin a chruthú os cionn graifítí a bhí ciníoch roimhe seo. Iarradh ar chomhaltaí ó phobail nua Bhaile Átha Fhirdhia agus Dhún Léire cur leis na múrphictiúir bhalla sin freisin, rud a dhúnfadh an bhearna idir daoine óga agus daoine ó phobail nua. Bhí fonn ar chomhaltaí CCP ó Chomhairle Contae Lú agus ón nGarda Síochána mar aon le hionadaithe ón earnáil áitiúil gnó tacú leis an tionscadal seo. Chuir siad na péinteanna agus na hacmhainní eile a bhí ag teastáil ar fáil chun na múrphictiúir bhalla a chruthú agus thug siad cead freisin do dhaoine óga an saothar ealaíne a chruthú ar bhallaí áirithe thart timpeall ar an dá bhaile. Go dtí seo, tá na saothair ealaíne seo slán agus níor spraeáladh iad le graifítí breise. Roimh Oíche Shamhna, d'iarr an tIonadaí céanna i lár Lú cur chuige comhoibritheach chun dul i ngleic le hiompar frithshóisialta daoine óga a bhí le feiceáil sna blianta roimhe sin (m.sh. achrann ó bhéal agus fisiciúil, tinte cnámh mídhleathacha agus úsáid chontúirteach tinte ealaíne mídhleathacha a raibh gortuithe ar leanaí mar thoradh orthu sna blianta roimhe seo). Thug an Garda Síochána faoi roinnt cainteanna sábháilteachta ar fud lár Lú roimh Oíche Shamhna, lena n-áirítear i mbunscoileanna agus meánscoileanna agus chuir siad iad féin in aithne do dhaoine óga trí fhreastal ar chlubanna óige sna seachtainí roimh Oíche Shamhna. Le linn shos lár téarma mhí Dheireadh Fómhair, mhéadaigh an Garda Síochána a bpatróil, go háirithe ar Oíche Shamhna. Bhí comhaltaí foirne ó na seirbhísí óige éagsúla sa dá bhaile in éineacht leis na patróil stádair. Tugadh faoi deara gur laghdaíodh go mór teagmhais d'iompar frithshóisialta in 2023 i gcomparáid leis na blianta roimhe sin agus comhaontaíodh gur cheart an cur chuige comhoibríoch sin ó chomhaltaí an Chomhchoiste a mhacasamhlú sna blianta amach romhainn.

Cuimsiú Pobail a Spreagadh

Tar éis mheastóireacht Rúnaíochtaí LRP Uíbh Fhailí ar an imeacht um Chuimsiú Sóisialta a bhí ar siúl in 2022, a bhí beartaithe mar imeacht aonuaire, cinneadh nár fhreastail an t-imeacht, cé go raibh sé luachmhar, ar riachtanais na ndaoine ar fud an chontae ar mhaith leo foghlaim faoi na seirbhísí nó rochtain a fháil orthu. Rinne an LRP an cinneadh cruinnú gníomhaireachtaí agus seirbhísí tacaíochta a ghairm chun féachaint ar bhealaí eile chun an fhaisnéis a thabhairt níos gaire don Phobal. Aontaíodh go n-oslódh gníomhaireachtaí agus seirbhísí tacaíochta a ndoirse don phobal i gcoitinne le linn tréimhse seachtaine i mí Mheán Fómhair. Eagraíodh raon imeachtaí idir mhaidin caife agus imeachtaí taispeáin is inis chomh maith le bealaí cruthaitheacha eile chun an pobal a spreagadh le teacht agus breathnú agus foghlaim. D'éirigh go han-mhaith leis seo mar chuimsigh sé imeachtaí ar fud an chontae agus thug sé deis do dhaoine foghlaim faoi na seirbhísí atá ar fáil ina bpobail féin. Rinne LRP Uíbh Fhailí comhordú ar an tSeachtain Feasachta ar Chuimsiú Sóisialta agus chruthaigh siad bróisiúr ag cur síos ar na himeachtaí éagsúla ar fud an chontae. Scaipeadh é seo trí Nuachtlitir an LRP, a cuireadh chun cinn ar na meáin shóisialta agus rinneadh roinnt cóipeanna crua a phriontáil agus a chur in áiteanna straitéiseacha ar fud an chontae lena n-áirítear leabharlanna agus oifigí poist. Is ócáid bhliantúil í an tSeachtain Feasachta ar Chuimsiú Sóisialta anois.

Rinne LRP Chill Chainnigh i gcomhar le Fís Éireann cur i láthair do CBS an Bheartais Iompair, na Bainistíochta Soghluaisteacha agus na Seirbhísí Uisce maidir le Conair Braille Cheathrú na Mainistreach a leathnú ar bhonn céimnithe thart timpeall ar Chathair Chill Chainnigh. Tharraing Ionadaí um Chuimsiú Sóisialta an LRP ar an CBS saincheisteanna anuas maidir leis an soilsiú timpeall ar Chathair Chill Chainnigh agus ar bhealaí bus Chathair Chill Chainnigh. Bhain saincheist eile a d'ardaigh an LRP um Chuimsiú Sóisialta leis an tsábháilteacht ag trasrianta ar chuarbhóthar Chathair Chill Chainnigh, áit a bhfuil duilliúr ag cur isteach ar radharc úsáideoirí bóithre. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh sé a bheith contúirteach do choisithe agus do rothaithe a thrasnaíonn an bóthar chun rochtain a fháil ar thithe, óstáin agus limistéar mór siopadóireachta. Tá gníomh déanta ag Chomhairle Contae i ndáil le cuid de na saincheisteanna sin a ardáil.

Suíonn Ionadaí Pobail agus Deonach Cholún LRP Chathair Bhaile Átha Cliath ar an CFPÁ, chomh maith le bheith bainteach le fochoiste Sláinte agus Folláine an CFPÁ. Ba é cuspóir an ghrúpa a chinntiú “go mbíonn na comhpháirtithe éagsúla agus na daoine éagsúla a bhainistíonn agus a sheachadann cláir agus idirghabhálacha Sláinte agus Folláine CFPÁ ar fud limistéar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag caint lena chéile go rialta chun a chinntiú go mbíonn siad eolach ar raon feidhme obair a chéile”. Bhí an tIonadaí ar an eolas faoin obair a rinne Ciste Éire Shláintiúil an RFTP, Clár Pobail Shláintiúla Slántecare, comhpháirtíocht na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) le haghaidh Cathracha Sláintiúla, agus an Clár um Thithe a Thacaíonn le Daoine Breacaosta. Mar thoradh ar an bhfreastal seo ar an bhfochoiste bhí sraith comhráite laistigh den LRP faoi oibrithe deonacha agus pobail a bheith traochta.

Chuir Ionadaithe CFPÁ LRP Chill Mhantáin go mór leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail agus le Straitéis LEADER agus leis na gníomhartha a roghnaíodh lena gcur i bhfeidhm. Níor glacadh leis an ionchur go léir ná níor léiríodh é sna pleananna, ach tá an t-ionchur ar taifead agus is féidir tagairt a dhéanamh dó. Rinne Ionadaithe an CFPÁ agóid i gcoinne an spriocdháta le haghaidh ionchur sa Dréachtphlean Eacnamaíoch Áitiúil agus cuireadh síneadh leis an spriocdháta le haghaidh aiseolais ionas gur féidir tuilleadh a chur leis.

Lean LRP Chill Chainnigh ag cabhrú le Grúpa Rochtana Chill Chainnigh, an grúpa abhcóideachta do dhaoine faoi mhíchumas i gCill Chainnigh, chun príomhchuspóirí a aithint don ghrúpa maidir lena gcuid oibre abhcóideachta agus chabhraigh an LRP freisin le straitéis Rochtana Míchumais a thionscain d'Údarás Áitiúil Chill Chainnigh agus thacaigh sé le Grúpa Rochtana Chill Chainnigh aighneachtaí a dhéanamh maidir leis an straitéis seo. Tá an LRP ina chomhalta den Fhóram Freagartha Pobail don Úcráin. Tá sé seo comhdhéanta de phríomhpháirtithe leasmhara ar fud an chontae a oibríonn i gcomhar le chéile chun cabhrú le daoine de phobal na hÚcráine athrú go dtí an saol anseo i gCill Chainnigh. Tá LRP Chill Chainnigh ina

chomhalta freisin den Chomhaontas Aoisbhá chun tacú agus cabhrú leis an Údarás Áitiúil le príomhpháirtithe leasmhara eile chun seirbhísí agus folláine daoine scothaosta i gCill Chainnigh a fheabhsú.

Tacaíonn Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe (LPCG) le rannpháirtíocht ghníomhach a ionadaithe ar an CFPÁ. Tá LPCG gníomhach ar Fhoghrúpa um Chuimsiú Sóisialta an CFPÁ agus ar Ghrúpa Comhairleach PÁEP. D'óstáil LPCG, i gcomhar le Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe, Pobail Tearmainn agus Ollscoil na Gaillimhe, Ceardlann Idirphlé Pobail na Gaillimhe in aghaidh an Chiníochais agus an Idirdhealaithe chun an Lá Idirnáisiúnta in aghaidh an Chiníochais a cheiliúradh. Cuireann LPCG cur chuige comhoibríoch i bhfeidhm maidir le hobair bheartais. Bíonn imeacht eolais roimh gach aighneacht, go minic i gcomhar le heagraíochtaí eile ar nós Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe, AMACH LGBTI+, Rochtain do Chách, Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe, Comhairle Cathrach na Gaillimhe srl. agus roinneann na comhpháirtithe an dréacht le haghaidh tuairimí agus leasuithe sula gcuirtear isteach é. Leanann an LPCG ag comhoibriú le comhghleacaithe eile an LRP lena n-áirítear acmhainní a roinnt nuair is cuí.

Tá LRP Thiobraid Árann tiomanta de bheith ag obair i gcomhpháirtíocht leis na gníomhaireachtaí agus grúpaí ábhartha go léir ar fud an chontae agus feiceann sé an luach a bhaineann le comhghuaillíochtaí straitéiseacha a bhunú. Trínár nIonadaithe agus trí phíosáí eile comhoibrithe, cuirimid le hobair Chomhairle Contae Thiobraid Árann (PÁEP 2024-2029, Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide na nÚdarás Áitiúil (PGAÚÁ) 2023-2028, seoladh Straitéis Lánpháirtíochta Imirceach na nÚdarás Áitiúil, CFPÁ, sé CBS, grúpa stiúrtha Sláintiúil Thiobraid Árann, Fóram Lánpháirtíochta Pobail an Chontae, ionchuir mhíosúla LRP Tipp Together, nuachtlitir Ealaíne na nÚdarás Áitiúil, BOO (Grúpa Comhairleach Folláine, Chomhghuaillíocht Réigiúnach Litearthachta d'Aosaigh agus ionchur nuachtlitreacha BOO Thiobraid Árann), Tusla, Coistí Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga (CSLDÓ), Tascfhórsaí Drugaí agus Alcóil (lena saináithnítear tionscadail chontae a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh macasamhlú réigiúnach trí Ionadaí

LRP ar SERDATF), Comhairle na nÓg (trí Ghrúpa Stiúrtha), Ionad Saorálach Réigiúnach BOO Thiobraid Árann (Comhordaitheoir LRP is ea Cisteoir Teilifíse agus Ionadaithe LRP do thuaisceart agus do Thiobraid Árann araon), seasann Cuideachta Forbartha Thiobraid Árann (ionchur nuachtlitreach, ag dhá Chruinniú lomlánacha do 2023) agus Aonad Comhordaithe Iompair Thiobraid Árann araon.

Thacaigh LRP Mhaigh Eo le lá oscailte Chomhairle na nDaoine Scothaosta agus d'fhreastail ar an gcruinniú. D'fhreastail LRP Mhaigh Eo ar an Lá Oscailte Pobal Tar Ar Ais. Tá LRP Mhaigh Eo ar na coistí seo a leanas: Comhairle na nÓg, Meitheal Oideachais, Oiliúna agus Scileanna CFPÁ, Connect Café, Coiste Caipitil na hEorpa Bhéal an Átha, an Grúpa Pobail agus Imeachtha, an Grúpa Oibre Cumarsáide agus Meitheal Sláinte na bhFear.

Chuir LRP Uíbh Fhailí deiseanna maoinithe i láthair ag gach cruinniú CFPÁ, chabhraigh sé le próiseas Comhairliúcháin Aoisbhá, bhuail sé le comhaltaí de Chomhairle na nÓg agus d'éascaigh sé bord ag an gCruinniú Cinn Bhliana agus d'fhreastail sé ar chruinnithe agus chuir sé tionscnaimh Éire Shláintiúil chun cinn trí na meáin shóisialta agus nuachtlitreacha LRP.

D'óstáil Comhairle Contae Liatroma agus Éire Shláintiúil i gcomhar le hAonaid um Rannpháirtíocht sa Phobal agus Cosc Coireachta an Gharda Síochána, LRP Liatroma, Muintir na Tíre agus Cuideachta Forbartha Liatroma dhá Imeacht Faisnéise Pobail i mí an Mhárta agus i mí Dheireadh Fómhair i dtuaisceart agus i ndeisceart Chontae Liatroma. Is é aidhm fhoriomlán an imeachta daoine a nascadh lena bpobal. Dúirt Cathaoirleach Chomhairle Contae Liatroma gur "sampla iontach é den obair chomhoibríoch". Chuir na himeachtaí seo eolas luachmhar, líonrú, comhairle, scagthástáil sláinte saor in aisce, cainteanna leis an nGarda Síochána, Leas Ainmhithe, FSS, Gradaim Mhuintir na Tíre agus Love Where You Live ar fáil. Tá LRP Liatroma lonnaithe i gCuideachta Forbartha Liatroma agus oibríonn siad i gcomhar le chéile ar go leor imeachtaí lena n-áirítear an t-imeacht Pobail a Ath-lánpháirtiú inar thug LRP Liatroma cur i láthair.

Bhí baint ghníomhach ag LRP na hlarmhí leis an nGarda Síochána agus le Comhairle na nÓg i bpleanáil agus i seachadadh Lá Bliantúil Sábháilteachta Bóthair Chomhairle na nÓg a bhí ar siúl i bPáirc Réigiúnach Spóirt Bhaile Átha Luain. D'fhreastail thart ar 1,000 mac léinn dara leibhéal ar an ócáid. Tá Comhairle na nÓg na hlarmhí tar éis gradam Leading Light a bhuachan don ócáid seo. Bhí mic léinn in ann an toradh



a bhí ar thimpiste ghluaisteáin bhréige a fheiceáil agus scéalta na ndaoine a chaill daoine muinteartha i dtimpistí bóthair a chloisteáil. Ar cheann de na buaicphointí bhí tuirlingt an Héileacaptar Tarrthála. Chuir an ócáid oideachas ar mhic léinn faoi shábháilteacht ar bhóithre agus tá súil againn go mbeidh tionchar ar feadh an tsaoil aige seo ar a gcuid nósanna tiomána. Bhí duine dár nIonadaithe, a bhí ar na Comhchoistí Póilíneachta (CCP), ar Thascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil Lár Tíre (MRDATF) freisin agus tá go leor ionchur déanta aige go ginearálta. Tá siad ina gcomhaltaí freisin d'fhochoiste MRDATF um Rannpháirtíocht Imeagló agus Foréigin a bhaineann le Drugaí. Bhí seastán ag LRP na hIarmhí i Taispeántas Well Westmeath a bhí á reáchtáil ag Iarmhí Shláintiúil. Is é cuspóir na hócáide sláinte agus folláine a chur chun cinn trí bheith gníomhach agus fanacht nasctha. Bhain an t-imeacht le sláinte, folláine agus gníomhaíochtaí agus bhí Sráidbhaile Faisnéise, ceol, damhsa, turais threoraithe, siúlóid dúlra, cleachtaí spraoi agus 'Bain triail as Gníomhaíochtaí Fisiciúla' mar chuid de. D'fhreastail os cionn 2,000 cuairteoir ar an ócáid, a raibh cead isteach saor in aisce acu chuig an ócáid agus chuig Gairdíní agus Páirc Belvedere ar an lá.

Rinne LRP Laoise, i gcomhar le Comhairle Contae Laoise, óstáil ar Ghradaim Phobail agus Dheonacha Laoise 2023. Is Grúpaí Comhaltais LRP iad na hainmnithe go léir. Tugann na Gradaim aitheantas agus déanann ceiliúradh ar na grúpaí pobail agus ar na hoibrithe deonacha i Laois a chuireann feabhas ar chaighdeán na beatha inár bpobal áitiúil. Sheol LRP Laoise ár marcóir réadmhaoine ar tionscnamh coiscithe coireachta é agus déanfar é seo a leathadh amach i gcomhar leis an nGarda Síochána. Tá LRP Laoise ina chomhalta den Chomhaontas Aoisbhá. Aithnítear LRP Laoise mar phríomhchomhpháirtí leasmhar i gcur i bhfeidhm na Straitéise Aoisbhá. Tá LRP Laoise ina chomhalta de ghrúpa stiúrtha Chomhairle na nÓg, de FSS agus de chomhoibriú Meabhairshláinte Éireann maidir le meabhairshláinte agus féinmharú a chosc. Chomhoibrigh LRP Laoise leis an gComhordaitheoir Éire Shláintiúil maidir le scannánú Operation Transformation le grúpaí pobail i Laoise.

Chuaigh LRP Luimnigh i gcomhpháirtíocht le ENGAGE Ollscoil Luimnigh (OL), Comhairle na nÓg agus Líonra Oideachais Pobail Luimnigh (LOPL) chun Tionól Saoránach Ollscoil Luimnigh a sheachadadh. Ag an ócáid seo a bhí ar siúl ar feadh an lae chuir 12 acadóir Ollscoil Luimnigh a dtionscadail i láthair, agus bhí ar gach duine acu gné agus sochar suntasach rannpháirtíochta pobail a bheith acu, chomh maith le nasc leis na SFlanna leis an 100 duine a bhí i láthair. Bronnadh maoiniú €10,000 ar cheithre thionscadal chun an tionscadal a chur i gcrích tar éis vóta ón lucht freastail.

Chuaigh LRP Ros Comáin i dteagmháil leis an CFPÁ ar thionscnaimh phobail éagsúla lena n-áirítear déchomhairliúcháin phoiblí "Pleanáil Ros Comáin le Chéile" agus thacaigh sé le tacaíochtaí éagsúla maoinithe a tharraingt anuas do ghrúpaí ar fud an chontae. Áiríodh leis sin tacú le forbairt an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (2023-2029). Thacaigh an LRP freisin le roinnt comhoibrithe idirghníomhaireachta lena n-áirítear seachtain na rothar, seachtain an chuimsithe shóisialta agus tionscnaimh chomhtháthaithe éagsúla. Ina theannta sin, thacaigh an LRP le seachadadh fhéile an fhómhair áitiúil sa Chaisleán Riabhach, Co. Ros Comáin le foireann an Chláir Aoisbháúil, le Connect Café Éire Shláintiúil agus le feachtais feasachta sábháilteachta pobail leis an nGarda Síochána. Chomhoibrigh LRP Ros Comáin freisin le Comhpháirtíocht LEADER Ros Comáin agus le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin chun clár saincheaptha oiliúna pobail a sholáthar bunaithe ar anailís ar riachtanais le grúpaí. Seachnaíodh dúbailt tairiscintí mar gheall ar an gcur chuige comhpháirtíochta, a chumasaíonn síneirgí le príomhpháirtithe leasmhara forbartha áitiúla.

Chomhoibrigh LRP an Chabháin le hIonad Deonach an Chabháin (IDC) agus le Líonra Míchumais an Chabháin (LMC) chun grúpaí agus daoine aonair a thabhairt le chéile chun a n-ionchur mar oibrithe deonacha a cheiliúradh, agus chun aird a tharraingt ar an obair atá déanta, agus ar an obair atá le déanamh fós, maidir le sochaí níos cuimsithí a chruthú i gCo. an Chabháin. Bhí taispeántais taistil i ngach CB. Rannchuidíonn bualadh leis na grúpaí ina bpobail féin lena mbailíochtú, chomh maith le feabhas a chur ar na naisc idir an LRP agus na grúpaí comhaltais. Tá cúrsaí oiliúna rithábachtach, go háirithe oiliúint na

nlonadaithe, lena n-éascaítear acmhainneacht an phobail a fhorbairt amháil cur ar chumas na nlonadaithe tuiscint níos fearr a bheith acu ar na coistí ar a bhfónann siad agus, dá bhrí sin, a bheith níos éifeachtaí. Tá an phiarfhoghlaim mar thoradh ar an oiliúint sin freisin. Ar deireadh, éascaíonn ENews scaipeadh leanúnach agus iontaofa faisnéise atá ábhartha do ghrúpaí pobail sa chontae. Tá cuntas teiste iontach ag LRP an Chabháin ó thaobh cumarsáid a dhéanamh lenár ngrúpaí comhaltais le blianta beaga anuas.

Is comhoibriú é an Líonra 55+ idir Aoisbhá agus LRP Chiarraí. Rinneadh comhairliúcháin inar sainaithníodh an gá atá le Comhairle Daoine Scothaosta mar Nascghrúpa le LRP Chiarraí agus chun machnamh a dhéanamh ar Fhorbairt Líonra Chiarraí os cionn 55 bliana d'aois a bhunú.

Chomhoibrigh LRP Chontae na Gaillimhe le hAoisbhá, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, FSS, agus le páirtithe leasmhara éagsúla eile chun ionchur san 'Eolaire Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta' nuadhréachtaithe a chur chun cinn agus a spreagadh. Bhí baint ag an LRP leis an eolaire seo a dháileadh i bhformáid dhigiteach agus i gcóip chrua ar eagraíochtaí agus ar dhaoine aonair ar fud an chontae. Chomhoibrigh an LRP le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) ar Mháistirphlean Fuinnimh LRP do Chontae na Gaillimhe. Chuidigh cruinnithe rialta an ghrúpa stiúrtha leis an tionscadal a threorú, rud a chuir ar chumas 11 ionad pobail iniúchtaí fuinnimh saor in aisce a fháil ó na comhairleoirí a bhí fostaithe ag an LRP agus ag an SEAI.

Rinne LRP Chill Dara, i gcomhar le Comhairle Contae Chill Dara, na comhairliúcháin phobail don Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail. Reáchtáil LRP Chill Dara 5 chomhairliúcháin pobail, ceann i ngach Ceantar Bardasach. Ghlac nócha a ceathair grúpa comhaltais páirt ann, agus bailíodh méid luachmhar sonraí saibhre agus cuireadh faoi bhráid chomhordaitheoir an PÁEP iad. Baineadh úsáid as na sonraí sin agus an plean nua á dhréachtú. I gcomhar le Comhairle Contae Chill Dara, reáchtáil an LRP na seisiúin eolais maidir le Deontais Pobail ar fhreastail nócha a cúig comhalta orthu. Chuir sé an t-eolas is gá ar fáil do na comhaltaí chun iarratas rathúil á dhéanamh ar

mhaoiniú. Agus Pobail Tuaithe Bheoga á dtógáil trí LEADER, chomhoibrigh LRP Chill Dara le Comhpháirtíocht LEADER Chontae Chill Dara chun cabhrú le sraith taispeántais taistil a óstáil. Bhí deis ag grúpaí pobail a gcuid smaointe a roinnt maidir le conas pobal tuaithe bríomhar a thógáil agus tosaíochtaí LEADER a mhúnlú do Chlár maoinithe 2023-2027. Reáchtáladh cúig cheardlann le linn an phróisis, ceann i ngach ceann de na cúig Cheantar Bardasacha.

Chuaigh LRP Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin i gcomhpháirtíocht le LRP Chathair Bhaile Átha Cliath chun raon leathan oiliúna a chur ar fáil don dá LRP. Rinneadh an gníomh seo mar gheall ar an gcostas méadaithe a bhaineann le hoiliúint a chur ar fáil i réigiún Bhaile Átha Cliath agus lena chinntiú gur chuireamar luach ar airgead ar fáil. Tairgeadh an oiliúint chomhcheangailte freisin do LRP Bhaile Átha Cliath Theas agus Fhine Gall nach raibh foireann acu ag an am. Roinneann LRP DLRD faisnéis go rialta agus freastalaíonn siad ar imeachtaí Fhóram Comhtháthaithe DLRD agus tá go leor dá gcomhaltaí ina gcomhaltaí de ghrúpaí LRP DLRD eile. Scaipeann LRP DLRD faisnéis ó FSS agus Éire Shláintiúil agus sonraí faoi cheardlanna. Tá LRP DLRD ina bhall d'Fhóram Freagartha Pobail DLRD agus glacann sé páirt ann. Chuaigh LRP DLRD i gcomhpháirtíocht le Seirbhís Oideachais Aosaigh an Oirdheiscirt chun oiliúint a fhorbairt maidir le húsáid na teicneolaíochta digití sa saol laethúil, ba é an aidhm a bhí leis an teicneolaíocht a dhéanamh inrochtana agus eisiámh daoine scothaosta inár bpobal a chosc. D'fhreastail LRP DLRD ar sheoladh phlean straitéiseach Aoisbhá DLRD agus thug cuireadh d'oifigeach Cuimsithe Shóisialta DLRD freastal ar chruinniú iomlánach an earraigh chun aird a tharraingt ar an bplean agus ar na seirbhísí atá ar fáil sa phobal do dhaoine scothaosta.

Chuaigh LRP Phort Láirge i dteagmháil le Ceardlanna CFPÁ ar "Rannpháirtíocht Chuimsitheach an Phobail sa Phleanáil Áitiúil agus sa Chinnteoireacht". Cuireadh 3 ghrúpa oibre CB ar bun ar bhonn píolótach i gcomhar le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, Comhpháirtíocht Phort Láirge Shláintiúil, gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara eile, ionadaithe tofa ó gach ceann de na CBanna agus grúpaí pobail sna CBanna. D'fhreastail an LRP ar cheardlann leathlae i gcomhar leis an gclár Sláintecare agus le Phort Láirge Shláintiúil

maidir leis an “Play Standard Tool” agus chomhoibrigh sé freisin le hIonad d’Oibrithe Deonacha Phort Láirge, Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge (CCCPL), Phort Láirge Shláintiúil, Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Phort Láirge, FSS, Sláintecare agus rinne sé taispeántas taistil le linn sheachtain na nOibrithe Deonacha. Freastalaíonn an LRP ar imeachtaí Aoisbháula Chomhairlí na nDaoine Scothaosta (CDS) agus tá sé ar Ghrúpa Stiúrtha Chomhairle na nÓg Phort Láirge. Bhí an LRP páirteach i leathadh amach Sráideanna Súgartha leis an CCCPL, le Comhpháirtíocht Spóirt Phort Láirge agus le Phort Láirge Shláintiúil.

Tá LRP an Chláir ina chomhalta de ghrúpa stiúrtha Chlár Forbartha Pobail (CFP) Lucht Siúil an Chláir in éineacht le FSS, Cuideachta Forbartha Áitiúla an Chláir, Comhghrúpa na mBan sa Chlár agus Ionad Acmhainní Teaghlach Iarthar an Chláir. Chomhéascaigh agus d’eagraigh LRP an Chláir an chéad cheann de shraith imeachtaí ‘Pobail an Chláir a Nascadh’ le Cuideachta Forbartha Áitiúil an Chláir agus le hIonad d’Oibrithe Deonacha an Chláir. Rinne LRP an Chláir idirchaidreamh le hIonad Oibrithe Deonacha an Chláir ar an gCiste Aitheantais Pobail. Bhí feachtas meán i gceist leis seo le hagallaimh raidió, podchraoladh agus sceideal comhordaithe ríomhphoist. Ar bhonn níos ginearálta, bhí an comhoibriú idirghníomhaireachta sin i bhfoirm comhpháirtíochtaí le raon leathan eagraíochtaí agus tionscnaimh reachtúil agus neamhreachtúil, a bhí ag obair go gníomhach chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistean a bhaineann le comtháthú sóisialta, tithíocht, iompar, oideachas, meabhairshláinte agus sláinte fhisiciúil, na healaíona agus an cultúr, spórt, litearthacht agus inbhuanaitheacht don óige, do dhaoine scothaosta, do dhaoine faoi mhíchumas, LADTIAÉ+, imircigh, mionlaigh eitneacha agus na pobail níos leithne ar a bhfreastalaíonn siad.

Cuimsiú Sóisialta

Tá deis ar leith ag na LRPanna laistigh de phobail le bheith rannpháirteach le raon iomlán de ghrúpaí atá ar an imeall agus chun tacú leo le bheith rannpháirteach sna próisis dhaonlathacha. Thuairiscigh fiche a hocht LRP go raibh siad páirteach i ngníomhaíochtaí cuimsithe shóisialta in 2023. I measc roinnt

samplaí de ghníomhaíochtaí a rinneadh thar ceann an LRP chun a gclár oibre um chuimsiú sóisialta a chur chun cinn tá:

Reáchtáil LRP na Mí ceardlanna in áiteanna tuaithe agus d’úsáid siad ionaid phobail áitiúla chomh fada agus ab fhéidir. Ag baint úsáid as teagmhálacha líonra, téann an LRP i dteagmháil le cónaitheoirí soláthair dhíreacha chomh maith le laethanta faisnéise a sholáthar le grúpaí tacaíochta imirce áitiúla.

Tá tionscnaimh éagsúla curtha i bhfeidhm ag LRP Cheatharlach chun tacú go gníomhach le cuimsiú grúpaí atá eisiata go sóisialta, go háirithe pobail ina bhfuil leibhéal arda bochtaineachta, idirdhealaithe agus imeallaithe. Tá tús áite tugtha ag an LRP d’iarrachtaí for-rochtana chun nascadh le pobail imeallaithe. Áirítear leis sin cruinnithe pobail trí ‘PPN On Tour’ chun cruinnithe a eagrú i gceantair thuaithe ar mhaithe le dul i dteagmháil go díreach le grúpaí agus chun tuiscint a fháil ar a riachtanais agus a ndúshlán shonracha, comhpháirtíochtaí le heagraíochtaí áitiúla agus comhoibriú le páirtithe leasmhara áitiúla agus le heagraíochtaí pobail a oibríonn go dlúth le grúpaí eisiata, ag cinntiú go ndéantar ionadaíocht orthu. D’oibrigh LRP Cheatharlach lena chinntiú go bhfuil próisis chomhairliúcháin inrochtana agus cuimsitheach le cur chuige chomhairliúcháin shaincheaptha agus trí mhodhanna comhairliúcháin a chur in oiriúint do riachtanais pobal éagsúil, lena n-áirítear teanga shoiléir, áiseanna amhairc, agus ábhair aistrithe a úsáid nuair is gá. Meicníochtaí aiseolais a chur chun feidhme do ghrúpaí imeallaithe chun aiseolas a chur ar fáil maidir le beartais agus tionscnaimh, rud a chinnteoidh go dtugtar cluas éisteachta dóibh i bpróisis chinnteoireachta.

Chuaigh LRP an Chabháin i dteagmháil go sonrach le Líonra Míchumais an Chabháin i mbliana chun tacú lena n-imeacht suaitheanta faoi Sheisiún Iomlánach an Gheimhridh. Tá an chomhpháirtíocht seo anois ina tacaíocht rathúil dóibhsean a d’fhéadfadh a bheith i mbaol a bheith gan guth sa tsochaí shibhialta murach í. Is comhpháirtíocht an-chuiditheach í an chomhpháirtíocht le Rúnaíocht LRP agus leis an bhfoireann atá ag obair ar an Líonra Míchumais agus in éineacht leis maidir le comhóstáil.

D'fhreastail LRP an Chláir ar cheardlanna leis an Far Right Observatory (ar a dtugtar an Hope and Courage Collective anois) maidir le cur i gcoinne grúpaí atá i bhfad amach ar an eite dheas, d'fhreastail sé ar Fhórait Freagartha Pobail na hÚcráine agus lean sé ag tacú le PFC Thaistealaithe an Chláir trí bhallraíocht sa ghrúpa stiúrtha. Is éard a bhí i gceist leis seo ná earcú agus an PFC a ullmhú do stádas CTR mar aon le tacaíocht laethúil obair an PFC agus freastal ar imeachtaí PFC don Lucht Siúil. Chuir an LRP spás cruinnithe ar fáil do ghrúpaí neamhchistithe nach mbeadh aon áit acu le bualadh leo murach sin. D'fhreastail an LRP ar ócáid Lá Idirnáisiúnta na mBan de chuid Chomhchoiteann na mBan sa Chlár agus chuir sé tacaíocht ar fáil don ghrúpa Quare Clare LGBT trí chomhaltas sa ghrúpa stiúrtha. Bhí cúnamh maidir le maoiniú, comhlíonadh boird, pleanáil imeachtaí agus cuntais i gceist leis sin. Chomh maith leis sin, d'eagraigh LRP an chéad Pharaid Bhród i gContae an Chláir. Thacaigh an LRP le hlarratasóirí Cosanta Idirnáisiúnta agus leis na pobail a chuir fáilte rompu. Áiríodh leis seo tacaíocht duine le duine, imeachtaí fáiltithe, ceardlann déanta meirge don mháirseáil #IrelandForAll, imeacht mór Dlúthpháirtíochta Shindig, oiliúint arna héascú ag Gluaiseacht Iarrthóirí Tearmainn in Éirinn (MASI) agus feachtas Secret Santa do dhaoine fásta atá i soláthar díreach agus rinne sé bainistíocht ar thiomsú airgid go háitiúil do dhídeanaithe agus d'iarrthóirí tearmainn i gContae an Chláir.

Tá suíochán leithdháilte ag LRP Chathair Chorcaí ar gach Limistéar Athbheochana trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt (RAPID) agus spreagann sé grúpaí teacht chun cinn le linn comhairliúcháin. Maidir leis an tascfhórsa drugaí agus alcóil, leithdháiltear na suíocháin seo go sonrach ar ghrúpaí áirithe laistigh den cholún cuimsithe shóisialta, m.sh. ní mór ceann a líonadh de réir grúpa atá ag obair le pobail taistealaithe/Romaigh, ceann atá le líonadh ag grúpaí atá ag obair leosan atá gan dídean/i mbaol easpa dídine.

Oibríonn LRP Dhún na nGall go dlúth leis na foirne Ionchuimsithe Shóisialta agus Imeachta i gComhairle Contae Dhún na nGall, Ardán Idirchultúrtha Dhún na nGall, Togra an Lucht Siúil i nDún na nGall agus na Cuideachtaí Forbartha Áitiúla chun rannpháirtíocht a chumasú. Reáchtálann an LRP imeachtaí

éagsúla le linn Sheachtain um Chuimsiú Sóisialta na Comhairle gach bliain chun gach duine a chur san áireamh.

Thacaigh LRP Laoise le bunú grúpaí um Chuimsiú Sóisialta i Laois do na pobail imirceacha agus do na pobail a théann ar scor go gníomhach. Chuir LRP Laoise treoir ar fáil do ghrúpaí maidir le grúpa pobail a bhunú, conas CGB a reáchtáil, cruinnithe coiste a thionól, ról na n-oifigeach tofa, comhaltaí a chlárú agus iarratas a dhéanamh ar chuntas bainc nó comhar creidmheasa. Bhí Ionadaithe um Chuimsiú Sóisialta ag LRP Laoise in 2023 ar an Rúnaíocht, CFPÁ, CBSanna agus CCP. Tá Ionadaí nuathofa LRP Laoise chuig Bord Chomhpháirtíocht Spóirt Laoise in 2023 ina chomhalta de Ghrúpa Tacaíochta Míchumais.

Tá LRP Lú oscailte do gach grúpa agus tacaíonn sé go gníomhach le cuimsiú grúpaí atá eisiata go sóisialta, lena n-áirítear pobail ina bhfuil leibhéil arda bochtaineachta, pobail a ndéantar idirdhealú orthu (lena n-áirítear pobail nua agus pobal na Romach agus pobal an Lucht Siúil) chun páirt a ghlacadh agus a bheith rannpháirteach in LRP Lú. D'fhreastail Oibrí Acmhainní Lú ar chomhcheardlann Oiliúna Rannpháirtíochta Pobail Chuimsithe CFPÁ na Mí agus Lú. Agus úsáid á baint as an gcúrsa oiliúna seo mar fhondúireacht, rinne LRP Lú iarracht ghníomhach dul i dteagmháil le grúpaí pobail ó earnálacha atá eisiata go sóisialta i bpobal Lú trí fhreastal rialta ar imeachtaí pobail le cruinnithe duine le duine le comhaltaí roghnaithe de na grúpaí. Mar thoradh air sin, chuaigh 14 ghrúpa pobail eile isteach in LRP Lú in 2023 a d'aithin iad féin mar ghrúpaí Cuimsithe Shóisialta. In 2022, bhí 5 ghrúpa Cuimsithe Shóisialta nua ag LRP Lú mar chuid dá gcomhaltas. Agus figiúirí 2023 á gcur i gcomparáid le figiúirí 2022, is ionann sin agus méadú 280% ar an gcuimsiú sóisialta nua in 2023. Le linn 2023, chomhoibrigh LRP Lú le Forbairt Áitiúil Lú agus le Comhairle Contae Lú chun bacainní ar mhná a bheith rannpháirteach i struchtúir chinnteoireachta agus cheaptha beartais pholaitíocht na hÉireann a shainiú. Is éard a bhí i gceist leis an tionscadal seo ná oibriú le mná ó gach earnáil i bpobal Lú. Bhí an t-ionchur a fuarthas ó na cohóirt éagsúla ban sin bunaithe ar a dtaithí saoil mar bhonn eolais do chruthú na tuarascála "Driving Equality for Women in Louth". Ba é aidhm na tuarascála seo na bacainní a mheastar a bheith roimh na mná

seo a aithint mar chéad chéim chun na bacainní seo a sháru agus a chur ar chumas na mban seo páirt ghníomhach a ghlacadh ar leibhéal áitiúil agus contae.

Bhunaigh LRP Chathair Bhaile Átha Cliath Grúpa Téamach Imirceach (GTI) in 2021 agus tháinig an grúpa le chéile go rialta ar líne in 2022. In 2023, chuidigh an t-éascaitheoir sainchomhairleora leis an GTI trí imeacht a eagrú, rud a chuideodh lena rannpháirtíocht i gcinnteoireacht na n-údarás áitiúil. Ba é an chéad cheann ná ócáid chun Lá Idirnáisiúnta Leabhar agus Cóipchirt UNESCO a cheiliúradh. Taispeántas grianghrafadóireachta Mongóilise a bhí sa dara ceann (le hamhránaíocht agus damhsa) ag Músaem EPIC, mar chuid de sheachtain um Chuimsiú agus Lánpháirtíochta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Ar deireadh, d'oscail comhaltaí den Ghrúpa Téamach Imirceach seisiún iomlánach mhí na Bealtaine agus mhí na Samhna le taibhithe ceoil. Chuir Cór na Laitvia tús le Seisiún Iomlánach mhí na Bealtaine, agus chuir Rhythm Africana tús le seisiún iomlánach mhí na Samhna. Bhí seisiún iomlánach mhí na Samhna ar siúl in Óstán Gresham seachtain amháin tar éis na gcíréibeacha clúiteacha i mBaile Átha Cliath. Níor fhreastail go leor daoine mar cheap siad go raibh lár na cathrach fós neamhshábháilte agus bhí comhráite ar siúl faoi dhualgas cúraim an LRP, go háirithe le Rhythm Africana ar grúpa ceoltóirí dubha iad. Rinneadh an cinneadh chun iarracht a dhéanamh oiliúint frithchiníochais a óstáil do ghrúpaí comhaltais. Is údar imní leanúnach don LRP é go mbeidh ar ghrúpaí comhaltais agus go háirithe lonadaithe oibriú ar choistí le gníomhaithe atá i bhfad amach ar an eite dheis a bhfuil aithne ag an bpobal orthu.

Oibríonn LRP Liatroma go dlúth leis an gClár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) a sholáthraíonn maoiniú chun dul i ngleic le bochtaineacht agus eisiámh sóisialta ag leibhéal áitiúil trí rannpháirtíocht agus comhpháirtíochtaí áitiúla idir daoine aonair faoi mhíbhuntáiste, eagraíochtaí pobail agus gníomhaireachtaí san earnáil phoiblí. Glacann muid páirt sa tSeachtain um Chuimsiú Sóisialta gach bliain. Tugaimid cuireadh do gach duine a chláraíonn faoin gChuimsiú Sóisialta freastal ar chruinnithe na nascghrúpaí.

Reáchtáil LRP Chontae na Gaillimhe oiliúint do chomhaltaí ar 'Ghrúpaí Pobail Cuimsitheacha'. Bhí an oiliúint sin maidir le cuimsiú agus inrochtaineacht an-tairbheach. Chuir an LRP gníomhaíochtaí chun cinn go forleathan atá á reáchtáil ag grúpaí pobail áitiúla atá faoi stiúir grúpaí mionlaigh, ar fud Chontae na Gaillimhe, inár nuachtlitir, sna meáin shóisialta, agus trí ríomhphost chuig ár gcomhaltaí. D'fhreastail Oibrithe LRP ar lá eolais don phobal LADT i nGaillimh.

Chomhoibrigh LRP Mhaigh Eo le hIonad Oibrithe Deonacha Mhaigh Eo chun Ócáid Chairdis d'Oibrithe Deonacha Pobail a óstáil. Chuidigh an ócáid sin le heagraíochtaí pobail agus deonacha teagmháil a dhéanamh le hoibrithe deonacha a bhfuil riachtanais bhreise acu agus oibrithe deonacha imirceacha agus iad a earcú. Thug an ócáid eolas agus comhairle faoi na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh chun dea-chleachtas a chur i bhfeidhm i mbainistíocht saorálaithe laistigh dá n-eagraíochtaí. Chlúdaigh an cheardlann seo raon seirbhísí tacaíochta chun cabhrú le grúpaí pobail oibrithe deonacha a thabhairt isteach ar bhealach stuama agus éifeachtach ina n-eagraíocht, lena n-áirítear comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil. Áiríodh san imeacht freisin faisnéis ar oiliúint bainistíochta saorálaithe d'eagraíochtaí pobail, mar aon le raon ábhar acmhainní atá ar fáil chun cabhrú le grúpaí beartais agus nósanna imeachta saorálaithe a fhorbairt. D'éirigh thar barr leis an ócáid chairdiúil seo agus chuidigh sí le hoibrithe deonacha a raibh riachtanais bhreise acu agus le hoibrithe deonacha imirceacha saol sona a chaitheamh inár bpobail i gContae Mhaigh Eo. Bhí Seachtain Feasachta ar Ionchuimsiú Sóisialta Mhaigh Eo ar siúl i mí Dheireadh Fómhair 2023. Ba é Cairdeas téama na Seachtaine Feasachta ar Ionchuimsiú Sóisialta i Maigh Eo 2023.

Tá LRP Phort Láirge ar Choiste an Ghrúpa Idirghníomhaireachta don Lucht Siúil (TIG) agus téann sé i dteagmháil le gach grúpa um chuimsiú sóisialta a nascann agus a chomhoibríonn le SICAP, TREO Port Láirge⁵, Pobail Nua Phort Láirge, an fhoireann um Chomhtháthú Pobail, tionscnaimh Aoisbháula agus sábháilteachta pobail. Tá lonadaithe um Chuimsiú Sóisialta againn freisin ar go leor bord agus coistí a dhéanann ionadaíocht ar ghrúpaí atá eisiata go sóisialta srl.

Glacann LRP Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus a chomhaltas páirt ghníomhach i bhFéile Chuimsithe DLRD. Is comhaltaí de Líonra Rannpháirtíochta Pobail DLRD iad Fóram Lánpháirtíochta DLRD agus scaipeann siad a gcuid faisnéise agus freastalaíonn siad ar a n-imeachtaí. Tá go leor grúpaí comhaltais nua ó na pobail nua in DLRD agus is rannpháirtithe gníomhacha iad in LRP DLRD. Oibríonn LRP DLRD go dlúth leis an gcuideachta comhpháirtíochta áitiúil agus scaipeann sé faisnéis ar a nGrúpaí Leasmhara Ban, Éire Shláintiúil, Néaltrú a Phlé, Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla (SFÁ) agus deiseanna scéime Fostaíochta Pobail (FP) agus Oideasú Sóisialta, chomh maith le tionscnaimh Choiste Seirbhísí Leanai agus Daoine Óga (CSLDÓ) a chur chun cinn agus freastal ar Aonach Aoisbhá DLRD.

Féachann an LPCG go gníomhach le gach grúpa atá eisiata go sóisialta a áireamh i ngach comhairliúchán, ceardlann agus cruinniú mar a léirítear inár luachanna agus inár mbeartais agus inár seasaimh. Tá LPCG ar choistí stiúrtha agus cuireann sé tacaíocht theicniúil ar fáil do Rochtain do Chách, Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe, Pobail na Gaillimhe in aghaidh an Chiníochais agus an Idirdhealaithe agus Grúpa Aontaithe na mBan atá bunaithe ar sholáthar díreach i measc grúpaí eile. Ag baint úsáid as an maoiniú don Tionscadal Rannpháirtíochta Píolótach, tá iarracht déanta ag LPCG a chinntiú go bhfuil lonadaithe ó ghrúpaí atá cosanta ar idirdhealú faoi na naoi bhforas ag gabháil go gníomhach le tascairí próisis a fhorbairt don Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail.

Thacaigh LRP Chiarraí go gníomhach le cuimsiú grúpaí atá eisiata go sóisialta, pobail a bhfuil leibhéil arda bochtaineachta acu, pobail a ndéantar idirdhealú orthu, lena n-áirítear an Lucht Siúil chun cur ar a gcumas a bheith rannpháirteach, ag baint úsáide as an gcóras leabharlainne seanbhunaithe. Tá 9 leabharlann i gContae Chiarraí agus mar sin cuireadh gach ceantar tuaithe chomh maith le ceantar uirbeach san áireamh. Tá na leabharlanna uilechuimsitheach, inrochtana go hiomlán agus mar sin bhí iontráil oscailte ann do chách. Thug sé seo deis do LRP Chiarraí an t-eolas a thabhairt amach don phobal agus tuiscint níos fearr a chruthú ar an LRP. Bhí an-tóir air seo, d'fhreastail lonadaithe deonacha LRP

ar na seisiúin, rinneadh an t-eolas ar fad a mhiondealú i dteanga sholáimhsithe agus chuaigh go leor grúpaí nua isteach sa LRP. Bhí feasacht mhéadaithe ann freisin maidir le cumhacht an LRP agus an tábhacht a bhaineann le bheith páirteach ann.

Tá Seachtain um Chuimsiú Sóisialta á comhóstáil ag LRP Chill Dara a bhfuil sé mar aidhm aici tacú le cuimsiú sóisialta i bpobail i gCill Dara, le hocht mbliana anuas. Spreagann LRP Chill Dara rannpháirtíocht ó ghrúpaí imeallaithe, trí thacú leo imeachtaí a reáchtáil i rith na seachtaine agus i gcásanna áirithe comhoibriú a spreagadh idir grúpaí chun oibriú le chéile. Bunaítear grúpa stiúrtha, agus spreagtar comhaltas ó cholún an chuimsithe shóisialta. Tá lonadaithe ann ó na grúpaí Lucht Siúil, Úcránacha, Romach, Míchumais agus Rochtana gan ach cúpla ceann a lua. Tugann sé seo deis do rannpháirtíocht agus cuimsiú níos fearr, ní hamháin i rith na seachtaine ach san ullmhúchán agus sna cinntí a dhéantar roimh an imeacht. Feidhmíonn sé freisin mar ardán chun caidrimh agus bealaí rannpháirtíochta seanbhunaithe a chur chun cinn. In 2023, ba mhór an onóir do LRP Chill Dara beirt chomhalta den fhoireann Oilimpeach Speisialta ó Chill Dara a bheith ag oscailt na hócáide agus ag taispeáint a mbonn.

Tá LRP Chill Chainnigh, trí obair Nascghrúpa Cholún Cuimsithe Shóisialta LRP Chill Chainnigh (KSIP) fós ag obair chun na grúpaí is leochailí agus is imeallaithe a chur san áireamh agus ionadaíocht a dhéanamh orthu. Thogh LRP Chill Chainnigh lonadaithe ón imirceach, ón Lucht Siúil agus ó phobail eile atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus eacnamaíoch ar CBSanna, CCP, CFPÁ agus an Rúnaíocht. Bhí an LRP páirteach i Lá Bród an Lucht Siúil. Le linn 2023, lean LRP Chill Chainnigh ag obair le Rochtain Chill Chainnigh chun a n-acmhainneacht a fhorbairt agus chuidigh sé leo i gcéim chomhairliúcháin straitéis nua Míchumais na Comhairle Contae 2023-2028.

Tairgeadh clár a thacaíonn le hUathachas Luimnigh do gach comhalta foirne CCCL agus do gach grúpa comhaltais LRP. Ghlac 60 comhalta aonair de Ghrúpaí LRP Luimnigh leis an oiliúint, arna soláthar ag Ability Focus

Tá LRP Mhuineacháin fós ina chomhalta gníomhach d'Fhoghrúpa Comhionannais CFPÁ lena n-áirítear an tAonad Tacaíochta Lánpháirtíochta freisin. D'fhreastail foireann an LRP ar oiliúint maidir le dínit ag an obair, agus ar oiliúint ar chomhionannas agus ar chearta an duine.

Freastalaíonn LRP Uíbh Fhailí ar imeachtaí don Lucht Siúil, ar Bhróid an Lucht Siúil agus ar thaispeántais chultúrtha, agus téann sé i dteagmháil le comhaltaí thábhachtacha den phobal chun rannpháirtíocht a spreagadh. Téann an LRP i dteagmháil le comhaltaí, ag nascadh leis an gCuideachta Forbartha Áitiúil, rannóg tithíochta na nÚdarás Áitiúil agus Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí (BOULUF) ar thionscadail i bpobail faoi mhíbhuntáiste. Cuidíonn sé seo le caidrimh a thógáil agus cabhraíonn sé le rannpháirtíocht níos mó an Lucht Siúil leis an LRP a spreagadh. Is próiseas mall, fadálach ach luachmhar é. Freastalaíonn comhaltaí den Lucht Siúil ar chruinnithe anois, agus léiríonn siad cás freisin maidir lena gcuid oibre mar abhcóide sláinte ag Seisiún Iomlánach Shamhain 2023.

Chomhoibrich Líonra Rannpháirtíochta Pobail Ros Comáin le go leor páirtithe leasmhara forbartha áitiúla chun raon leathan tionscnamh cuimsitheach a chur ar fáil le grúpaí imeallaithe. Sampla amháin den chomhairliúchán cuimsitheach sin ba ea tacú le pobail nua sa chontae a dtuairimí a chur in iúl i mbeartais agus i bpleananna áitiúla nua lena n-áirítear an Straitéis maidir le hImircigh a Lánpháirtíú agus an Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (2023-2029). Is éard a bhí i gceist leis seo ná oibriú le comhairleoirí a raibh baint acu leis na pleananna áitiúla seo a fhorbairt chun teicnící comhairliúcháin inrochtana a ghlacadh agus chun láithreachta fhisiciúil a chinntiú ag imeachtaí lánpháirtithe sa chontae. Chuir LRP Ros Comáin, trína gclár oiliúna pobail 2023 a sholáthar, sraith tionscnamh maidir le hacmhainn a fhorbairt ar fáil freisin do gach comhalta nua agus do gach comhalta atá ann cheana, lena n-áirítear iadsan is imeallaithe chun tacú le spriocanna forbartha a ngrúpaí.

Cinntoidh comhoibriú LRP Chill Mhantáin le Comhairle Contae Chill Mhantáin chun Grúpa an Líonra um Chuimsiú Sóisialta a fhorbairt mar fhoghrúpa den Choiste Forbartha Pobail

Áitiúil go gcloisfear an taithí agus na dúshláin atá roimh ghrúpaí atá eisiata go sóisialta ar bhonn rialta ag cur deiseanna ar fáil do phiarthacaíocht agus do thacaíocht údarais áitiúil nuair is cuí. Glacann LRP Chill Mhantáin páirt ghníomhach i gCoiste Rochtana agus Cuimsithe Míchumais (DISC) Chomhairle Contae Chill Mhantáin. Tugadh cuireadh do chomhaltaí DISC an grúpa, a chuid oibre agus forbairt na Sraithe Straitéisí Míchumais do Ghrúpaí Pobail a chur i láthair ag cruinnithe pobail LRP Chill Mhantáin. Forbraíodh straitéis míchumais don chontae i rith na bliana agus seoladh í ag ócáid le linn na Seachtaine um Chuimsiú Sóisialta. Cuireadh leathanach coiste nua le haghaidh DISC le suíomh gréasáin LRP Chill Mhantáin faoin gclib ionadaíochta agus coistí, chomhoibrich LRP Chill Mhantáin le Líonra um Chuimsiú Sóisialta Mhná Chill Mhantáin agus le Comhpháirtíocht Chontae Chill Mhantáin chun imeacht a reáchtáil chun Lá Idirnáisiúnta na mBan a cheiliúradh. Phléigh os cionn 75 bean ó phobail gheografacha agus shóisialta éagsúla cad a chiallaíonn pobal dóibh.

Tacaíonn LRP na hlarmhí go gníomhach le cuimsiú grúpaí comhaltais. Ceann de na gníomhartha a rinneadh ná páirt a ghlacadh in Make Way Day. D'eagraigh Cónaidhm Míchumais na hÉireann an t-imeacht i gcomhar le hearnálacha deonacha agus rialtais áitiúil ar fud na tíre. Ar thús cadhnaíochta bhí daoine faoi mhíchumas iad féin, Comhairle Contae na hlarmhí, Forbairt Pobail na hlarmhí, Daoine Neamhspleácha faoi Mhíchumas, Feasacht Rochtana Bhaile Átha Luain, Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann, Meabhairshláinte an Mhuilinn Chearr, Airc Lár na Tíre agus an Garda Síochána áitiúil. D'úsáid na heagraíochtaí uirlis ar líne a dearadh le haghaidh Make Way Day, chun aird a tharraingt ar bhacainní a chuireann bac ar an mbealach agus a dhéanann saol daoine faoi mhíchumas níos casta. Cuireadh roinnt saincheisteanna maidir le cosáin a bhí róchúng ar aghaidh chuig an gComhairle. Shroich an feachtas níos mó ná 1,000,000 duine ar na meáin shóisialta agus bhí sé le feiceáil ar fheasacháin nuachta RTE ar an lá. Fuair sé clúdach leathan sna páipéir áitiúla freisin.

Suíonn LRP Thiobraid Árann ar ghrúpa stiúrtha Thionscadal Contae na Romach, le fócas forbartha pobail, lena chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanas na Romach agus go spreagtar iad a dtuairim a thabhairt ar shaincheisteanna a mbíonn tionchar diúltach acu ar a saol. Freastalaíonn an tIonadaí ar gach imeacht Romach, lena n-áirítear tuarascáil uafásach a sheoladh ar thithíocht. Mar thoradh ar an nasc sin, d'fhreastail na mná Romach ar na cruinnithe iomlánacha. Úsáidtear gnáth-Bhéarla i ngach ríomhphost agus i ngach doiciméad, nuair is féidir. Tá suíochán ar gach CBS de chuid na nÚdarás Áitiúil d'Ionadaí um chuimsiú sóisialta LRP, agus dhá shuíochán um chuimsiú sóisialta ar an CFPÁ. Tá an LRP gníomhach maidir leis an Straitéis um Chomhtháthú Imirceach agus d'oibrigh an LRP i gcomhar leis an gComhairle Contae chun a bhfoilseachán a sheoladh. Mar gheall ar athbhrandáil ár lógó, b'éigean dúinn an t-ábhar cur chun cinn a fhoinsiú agus a nuashonrú. D'fhorbraíomar, dhearamar agus d'aistríomar go hocht dteanga an bróisiúr nua a bhí maoinithe ag an gComhairle Contae. Chuir na mná Romach a gceirdeanna agus a n-ealaín thraidisiúnta os comhair an phobail ag an ócáid, ar fhreastail an tAire Joe O'Brien uirthi. I ngach scóráil tionscadail LEADER, déantar meastóireacht ualaithe ar chuimsiú sóisialta. Is é is cúis leis sin tionchar Ionadaithe LRP ar an GGÁ.

Agus iad ag tabhairt faoi chlár páipéar Tithíochta an Líonra Théamaigh Tithíochta, d'oibrigh Ionadaithe LRP Shligigh le comhaltaí ón gcoláiste cuimsithe shóisialta lena n-áirítear an Eagraíocht um Dhaoine faoi Mhíchumas (EDM) agus an Grúpa Tacaíochta don Lucht Siúil. Chinntigh sé sin go raibh na daoine is mó a bhí i mbaol ó easpa soláthair chóiríochta leordhóthanai sa chontae páirteach agus go raibh an deis acu moltaí a dhéanamh maidir le beartas tithíochta amach anseo. D'oibrigh LRP Shligigh le hIonad Acmhainní Teaghlaigh Shligigh chun imeacht fáiltithe agus cuimsithe a óstáil d'imircigh atá ag cur fúthu i Sligeach. Bhí an ócáid mar chuid de cheiliúradh 50 bliain an AE agus rinne sé iniúchadh ar a raibh i gceist leis an mbaile a dhéanamh de Shligeach, na rudaí sa chontae a raibh grá ag daoine dóibh, na nithe a d'fhéadfadh eagraíochtaí a dhéanamh chun an t-aistriú a dhéanamh níos dearfaí agus na rudaí a airíonn siad maidir lena dtír bhreithe. Tá na torthaí á n-úsáid chun bonn eolais a chur faoi thionscadail nua sa chontae.





5. Ag Obair leis an Údarás Áitiúil

Luaitear i Lámhleabhar an LRP⁶ go mbeidh an LRP ar an bpríomhnasc trína nascfaidh an tÚdarás Áitiúil leis na hearnálacha pobail, deonacha, comhshaoil agus cuimsithe shóisialta⁷ agus 'go gcuirfidh LRP ar chumas an phobail ról foirmiúil gníomhach a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ceaptha beartais agus maoirseachta réimse freagrachta an ÚA'. Tá sé i gceist cur chuige comhpháirtíochta comhoibríoch a bheith i gceist. Tá caidreamh dearfach idir an LRP agus na hÚdaráis Áitiúla riachtanach chun go n-éireoidh leis.

Mar chuid de phróiseas na Tuarascála Bliantúla, iarradh ar Údaráis Áitiúla samplaí a thabhairt den chaoi ar thacaigh siad le forbairt an LRP agus le rannpháirtíocht ghníomhach eagraíochtaí comhshaoil, cuimsithe shóisialta, pobail agus deonacha i gceapadh beartas agus cinntí, i gcomhroinnt faisnéise agus in acmhainneacht an phobail a fhorbairt (seachas

leithdháileadh an Bhuiséid a sholáthar nó príomhdhualgais an Oibrí Acmhainne, áit a bhfuil an tOibrí Acmhainne fostaithe ag an Údarás Áitiúil). I dTábla 6, tugtar miondealú ar na tacaíochtaí a sainithníodh maidir leis na 27 limistéar Údarás Áitiúil ar fad a bhfuarthas freagraí ina leith.

6 <https://assets.gov.ie/97296/79d48b54-0557-493e-9aa1-1d910364d41e.pdf>

Tábla 6: Tacaíochtaí Údaráis Áitiúil do LRPanna, 2023

Meicníocht Tacaíochta	An Líon (n=27)
Meabhrán Comhthuisceana Gníomhach i bhfeidhm do 2023	27
Meabhrán Tuisceana arna Athbhreithniú in 2023	24
Cúnamh a thabhairt, sa chás é a bheith cuí, do LRP leis an bPlean Oibre a bhaint amach	27
Tacú leis an LRP le bheith mar Ghníomhaithe gníomhacha san PÁEP	24
Rannpháirtíocht trasroinne in Imeachtaí LRP	24
Rannpháirtíocht Theagmhálaí LRP an Údaráis Áitiúil sa LRP	22
Maoiniú breise curtha ar fáil don LRP chun tacú lena chuid oibre	15
Cuireadh maoiniú breise ar fáil do thionscadail shonracha an LRP	10
Feachtais shonracha chun obair an LRP a chur chun cinn laistigh den údarás áitiúil	7

Samplaí de Thacaíochtaí arna gcur ar fáil ag an Údarás Áitiúil

- Tionóltar cruinnithe rialta maoirseachta.
- Rannpháirteach i Meitheal an Treochláir Náisiúnta um Chur i bhFeidhm an LRP.
- Spás oifige, córais agus seirbhísí faisnéise, fónais, agus cúnamh idir piaraí a sholáthar.
- Cuimsiú ar chomhairliúcháin agus ar straitéisí.
- Soláthar faisnéise agus oiliúint do pháirtithe leasmhara.
- Tacaíochtaí AD.
- Monatóireacht a dhéanamh ar an mbuiséad agus ar an bplean oibre.
- Tacaíochtaí forbartha acmhainne.

- Rialachas agus tacaíochtaí corparáideacha.
- Comhoibriú maidir le himeachtaí for-rochtana.
- Tuairiscíonn roinnt Údaráis Áitiúla go leithdháiltear post an Oibrí Acmhainne ar fhostaí Grád 6.

Comhairliúcháin an Údaráis Áitiúil

Tá sé ar chumas LRPanna a bheith agus ba chóir go mbeadh siad ina phríomhmheicníocht ag Údaráis Áitiúla, le tuairimí a gcuid pobal a bhailiú mar fhreagra ar ghairmeacha comhairliúcháin. Tá na LRPanna san áit is fearr chun rannpháirtíocht a bheith acu le grúpaí comhaltais agus dea-cháil bainte amach acu ó thaobh aighneachtaí a chur ar fáil agus tacú leo. I dTábla 7, tugtar forléargas ar líon na gcomhairliúcháin a rinne Údaráis Áitiúla in 2023 agus ar an rannpháirtíocht le LRPanna le linn an phróisis sin.

Tábla 7: Comhairliúcháin Údaráis Áitiúil, 2023

Comhairliúcháin	Líon na (n=27)
Fógraí faoi Chomhairliúcháin a seoladh chuig LRPanna	357
Comhairliúcháin na nÚdarás Áitiúil a dhéantar trí LRPanna mar an phríomhfheithicil	60
Ceardlanna comhairliúcháin a d'óstáil an tÚdarás Áitiúil agus an LRP i gcomhpháirt lena chéile	48

Bhí an líon fógraí comhairliúcháin a seoladh chuig LRPanna in 2023 níos airde ná mar a bhí in 2022 (ó 302 go 357). Bhí líon na gcomhairliúcháin a rinneadh trí LRPanna mar an phríomh-mhodh in 2023 níos airde freisin ná mar a bhí in 2022 (ó 35 go 60) agus tá méadú tagtha freisin ar líon na gceardlann comhairliúcháin a óstáiltear go comhpháirteach ó 31 go 48.

Réimsí Sonracha Comhoibrithe

Comhoibrigh na hÚdaráis Áitiúla agus na LRPanna freisin ar líon imeachtaí agus tionscnaimh eile sa bhliain 2023. Áirítear orthu sin:

- Gradaim Phobail agus Dheonacha
- Ciste Forbartha Pobail
- Plean Forbartha Contae
- Straitéis Rannpháirtíochta Chiste na gCuntas Díomhaoin
- Comhdháil Sábháilteachta Pobail
- Straitéis Míchumais
- Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht
- Fís Ráth Bhile 2040
- Gabháil Phobail
- Scéim Tacaíochta Pobail Fís d'Fholláine Pobail
- Tionscadal na Tullaí 2040
- Lá an tSúgartha
- Lá Sábháilteachta Bóthair Chomhairle na nÓg
- Lá Idirnáisiúnta na mBan
- Comhlachais Phobail/Saotharlanna cathrach na bpáirtithe leasmhara iomadúla
- Iompar agus Bóithre/Taisteal Gníomhach
- Gradaim an Chathaoirigh
- Comhdháil Náisiúnta an LRP 2023
- Comhalta Tofa Bricfeasta
- Bailte Slachtmhara
- Éire Shláintiúil
- Tionscnaimh Aoisbhá/Comhairle na nDaoine Scothaosta
- Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail
- Taighde “Áiteanna Ciúine” /Plean

Gníomhaíochta Torainn

- Tionscnamh a Thacaíonn le hUathachas
- Mná sa Rialtas
- Plean Imirce
- Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide
- An tSeachtain um Chuimsiú Sóisialta
- Taispeántas maidir le Maireachtáil Fholláin
- Iniúchtaí Insiúltachta/Lá Déan an Bealach
- Féile Foghlama Chathair Bhaile Átha Cliath
- Lá na hAfraice
- Nascann Laoise
- Míchumas, Rochtain agus Cuimsiú
- LEADER
- Leabhrán ‘Seachadadh do Phobail — ón mBeartas go dtí an Ghníomhaíocht’
- Deonaíonn an pobal imeachtaí faisnéise
- Rannpháirtíocht Chuimsitheach Pobail
- Tús Áite maidir le hAthghiniúint Lár an Bhaile
- Bruscar agus Bainistiú Dramhaíola
- Fóram um Lánpháirtiú Pobail
- Dualgas na hEarnála Poiblí
- Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe
- CFPÁ
- Lánpháirtiú agus Cuimsiú
- Comhpháirtíocht PEACEPLUS
- Love Where You Live
- Taispeántas taistil LRP

Suíocháin Phobail a Leithdháileadh

Tá Údaráis Áitiúla freagrach as réimse bord agus coistí maidir le réimsí spéise áitiúla. Áirítear ar shamplaí díobh sin:

- An Comhchoiste Póilíneachta
- Coiste Forbartha Pobail Áitiúil
- CBS na nEalaíon, an Chultúir agus na dTeangacha
- An Coiste um Chomhpháirtíocht na Síochána
- Iascach GGÁ an Oirthir/an Iarthuaiscirt/an Oirdheiscirt
- An Coiste um Chultúr agus um Fholláine an

Phobail

- Spórt agus Forbairt Fhisiciúil
- Na Tascfhórsaí Réigiúnacha um Dhrugaí agus Alcóil
- Comhaontas Aoisbhá/Comhairlí Daoine Scothaosta
- CBS um an Athrú Aeráide, an Comhshaol agus an Bhithéagsúlacht
- Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil
- Seirbhísí Uisce
- CBS Bóithre, Sábháilteacht ar Bhóithre agus Iompar
- Míchumas agus Cuimsiú
- Muirí
- CBS Tithíochta, Corparáideach agus Cultúir
- CBS Pleanála agus Bonneagair Straitéisigh
- Seirbhísí Éigeandála
- CBS Caitheamh Aimsire agus Conláiste
- Comhdhéanamh áite
- Fóram an Gheilleagair Oíche
- Fóillíocht agus Forbairt Shóisialta
- CBS maidir le Cáilíocht Saoil agus Cruthaitheacht
- CBS Rannpháirtíochta Saoránach
- Fóraim Oidhreacht
- Grúpa Stiúrtha na gCathracha Gníomhacha
- Foirne Baile
- Todhchaí Phobal Mhaigh Eo
- Leabharlanna
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) maidir le Féinmharú a Chosc
- Coiste Dheich mBlíana na gCuimhneachán
- Forbairt Eacnamaíoch, Fiontraíocht agus CBS Pobail
- Líonra Bheairicí Cholmcille
- Coistí Leanaí agus Daoine Óga
- Comhairle na nÓg
- Pobail Shláintiúla a Chur i bhFeidhm go hÁitiúil
- Tascfhórsa Tuaithe

- Soghluaisteacht Uirbeach Inbhuanaithe
- Coiste Thionscadal Abhann
- Comhpháirtíocht LEADER
- Nasc Áitiúil
- Fóram um Imeachadh Imirceach
- Grúpa Idirghníomhaireachta an Lucht Siúil
- Logainmneacha
- Turasóireacht, Fiontar agus Forbairt Eacnamaíochta an CBS
- An Coiste um Nascadh ar son na Beatha
- Obair dheonach
- Coiste Drehid Liason

Cáilitheacht le haghaidh Deontais

Feidhmíonn LRPanna mar mhol faisnéise do ghrúpaí pobail chun rochtain a fháil ar fhaisnéis agus ar thacaíochtaí maidir le deontais Údaráis Áitiúil. Mar aitheantas air sin, agus do ról na LRPanna maidir le feabhsú éifeachtacht grúpaí pobail trí chur le hacmhainneacht, trí oiliúint, trí líonrú agus mar sin de, tá roinnt Údarás Áitiúil tar éis comhaltas i LRP a áireamh sna riachtanais a bhaineann le hincháilitheacht chun deontas a rochtain. In 2023, as na 27 freagra, d'éiligh 17 grúpa pobail go mbeadh siad ina gcomhaltaí den LRP chun a bheith incháilithe do dheontais agus níor éiligh 10 ngrúpa a bheith incháilithe do dheontais.

“

Feidhmíonn LRPanna mar mhol faisnéise do ghrúpaí pobail chun rochtain a fháil ar fhaisnéis agus ar thacaíochtaí maidir le deontais Údaráis Áitiúil.”

Oiliúint agus Ionduchtúchán ag Údaráis Áitiúla

Thuaireascigh aon cheann déag de na 27 Údarás Áitiúil gur sholáthair siad ionduchtú nó oiliúint shonrach d'Ionadaithe LRP nua-ainmnithe in 2023. Thuaireascigh na hÚdaráis Áitiúla freisin soláthar pacáistí faisnéise, miontuairiscí cruinnithe agus beartas corparáideach, seisiúin faisnéise sa Stiúrthóireacht ábhartha chomh maith le hionduchtú agus treoshuíomh do chomhaltai nua an choiste.

Thuaireascigh 11 Údarás Áitiúil go raibh siad ag gabháil do ghníomhaíochtaí oiliúna nó forbartha feasachta. Cuireann na hÚdaráis Áitiúla fáilte roimh straitéisí leanúnacha oiliúna, maoinithe, cur chun cinn agus feasachta agus cumarsáide ón RFTP chun tacú le hobair na LRPanna.



Aguisín 1

Sonraí Teagmhála LRP (Deireadh Fómhair 2024)

LRP	Ríomhphost	Láithreán Gréasáin
Ceatharlach	carlowppn@carlowcoco.ie	www.carlowppn.ie
An Cabhán	info@cavanppn.ie	www.cavanppn.ie
An Clár	sarah@clareppn.ie	www.clareppn.ie
Cathair Chorcaí	info@corkcityppn.ie	www.corkcityppn.ie
Contae Chorcaí	ppn@corkcoco.ie	www.corkcountypn.com
Dún na nGall	donegalppn@donegalcoco.ie	www.donegalppn.net
Cathair Bhaile Átha Cliath	info@dublincityppn.ie	www.dublincityppn.ie
Dún Laoghaire / Ráth an Dúin	enquiries@dlrppn.ie	www.dlrppn.ie
Fine Gall	ppn@fingal.ie	www.fingalppn.ie
Cathair na Gaillimhe	info@galwaycitycommunitynetwork.ie	www.galwaycitycommunitynetwork.ie
Contae na Gaillimhe	administrator@galwaycountypn.ie	www.galwaycountypn.ie
Ciarraí	ppn@kerrycoco.ie	www.kerryppn.ie
Cill Dara	admin@kildareppn.ie	www.kildareppn.ie
Cill Chainnigh	ppnkilkenny@kilkennycoco.ie	www.kilkennyppn.ie
Laois	ppn@laoiscoco.ie	www.laoisppn.ie
Liatroim	info@leitrppn.ie	www.leitrppn.ie
Luimneach	ppn@limerick.ie	www.limerickppn.ie
An Longfort	ppn@longfordcoco.ie	www.longfordppn.ie
Lú	ppn@louthcoco.ie	www.louthppn.ie
Maigh Eo	mayppn@mayococo.ie	www.mayppn.ie
An Mhí	meathppn@meathcoco.ie	www.meathppn.ie
Muineachán	ppn@monaghancoco.ie	www.ppnmonaghan.ie
Uíbh Fhailí	ppn@offalycoco.ie	www.offalypn.ie
Ros Comáin	info@roscommonppn.ie	www.roscommonppn.ie
Sligeach	ppn@sligococo.ie	www.sligoppn.com
Baile Átha Cliath Theas	info@sdcppn.ie	www.sdcppn.ie
Tiobraid Árann	coordinator@ppntipperary.ie	www.ppntipperary.ie
Port Láirge	waterfordppn@gmail.com	www.waterfordppn.ie
An Iarmhí	info@westmeathppn.ie	www.westmeathcoco.ie/en/ourservices/communitydevelopment/publicparticipationnetworkppn/
Loch Garman	ppn@wexfordppn.ie	www.wexfordppn.ie
Cill Mhantáin	info@countywicklowppn.ie	www.countywicklowppn.ie

Aguisín 2

Forbhreathnú ar Ghníomhaíocht LRP in 2023

*Tabhair faoi deara go mbaineann na figiúirí seo leis na tuairisceáin a rinneadh ar an suirbhé agus nach ionann iad agus na sonraí Salesforce atá thuas.

LRP	An líon lonadaithe LRP	An líon Nascghrúpaí Gníomhacha	An líon Cruinnithe Comhlachta Iomlánaigh a Tionóladh	Líon na mBord agus na gCoistí Údaráis Áitiúil a bhfuil lonadaithe LRP acu in 2023	Socrú Óstála	*Comhaltas Iomlán (comhaltaí comhlacha san áireamh)	*Comhaltaí an Cholúin um Chuimsiú Sóisialta	*Comhaltaí an Cholúin Comhshaoil	*Comhaltaí an Cholúin Pobail
Ceatharlach	28	3	2	8	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	364	36	12	316
An Cabhán	27	1	2	5	Arna óstáil ag Eagraíocht Phobail eile	356	90	26	240
An Clár	14	8	2	8	Ag Feidhmiú mar Chomhlacht Neamhspleách	380	24	56	300
Cathair Chorcaí	27	5	1	8	Arna óstáil ag Eagraíocht Phobail eile	233	78	20	135
Contae Chorcaí	36	4	2	12	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	514	74	25	415
Dún na nGall	63	3	2	14	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	685	63	18	604
Cathair Bhaile Átha Cliath	19	3	2	9	Arna óstáil ag Eagraíocht Phobail eile	791	215	23	553
Dún Laoghaire/Ráth an Dúin	33	0	2	11	Arna óstáil ag Eagraíocht Phobail eile	601	110	18	473
Fine Gall	22	5	2	10	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	758	128	41	589
Cathair na Gaillimhe	31	6	4	10	Ag Feidhmiú mar Chomhlacht Neamhspleách	167	50	11	106
Contae na Gaillimhe	41	1	2	10	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	1268	246	45	977
Ciarraí	24	2	1	37	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	1021	110	36	901
Cill Dara	20	2	2	11	Arna óstáil ag Eagraíocht Phobail eile	672	63	32	577
Cill Chainnigh	25	1	1	13	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	442	93	31	318
Laois	29	5	2	12	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	641	84	26	531
Liatroim	38	3	2	14	Arna óstáil ag Eagraíocht Phobail eile	390	84	14	292

LRP	An líon lonadaithe LRP	An líon Nascghrúpaí Gníomhacha	An líon Cruinnithe Comhlachta Iomlánaigh a Tionóladh	Líon na mBord agus na gCoistí Údaráis Áitiúil a bhfuil lonadaithe LRP acu in 2023	Socrú Óstála	*Comhaltas Iomlán (comhaltaí comhlacha san áireamh)	*Comhaltaí an Cholúin um Chuimsiú Sóisialta	*Comhaltaí an Cholúin Comhshaoil	*Comhaltaí an Cholúin Pobail
Luimneach	32	7	2	9	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	200	57	10	133
An Longfort	34	14	2	10	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	525	68	12	445
Lú	40	0	2	16	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	637	140	18	479
Maigh Eo	37	0	2	10	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	1052	129	36	887
An Mhí	15	2	2	6	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	630	86	14	530
Muineachán	39	0	2	13	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	664	104	41	519
Uíbh Fhailí	23	5	4	6	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	640	76	12	552
Ros Comáin	15	0	2	7	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	647	45	16	286
Sligeach	35	1	1	16	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	564	43	13	508
Tiobraid Árann	49	19	2	19	Ag Feidhmiú mar Chomhlacht Neamhspleách	1606	204	52	1,350
Port Láirge	65	0	2	3	Ag Feidhmiú mar Chomhlacht Neamhspleách	592	67	25	500
An Iarmhí	24	5	2	10	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	931	194	18	715
Loch Garman	15	1	2	14	Arna óstáil ag Údarás Áitiúil	338	47	15	459
Cill Mhantáin	26	0	2	114,104.45	Arna óstáil ag Eagraíocht Phobail eile	575	83	33	321
Iomlán	926	105	60	343		18,110	2,652	921	14,537

Aguisín 3

Tionchair LRP in 2023

In 2023, d'iarr an Roinn ar gach LRP roinnt sonraí a chur ar fáil maidir le tionchar na hoiubre a dhéanann a LRP.

Ceatharlach

Mar chuid de Rannpháirtíocht Phobail agus Bailiú Sonraí do Thulach 2040, reáchtáil LRP Cheatharlach imeachtaí 'PPN On Tour' ar fud na 3 Cheantar Bhardasacha i gCeatharlach. Bhí na himeachtaí go léir dírithe ar dhul i dteagmháil le grúpaí pobail áitiúla agus sonraí a bhailiú do chomhairliúcháin na nÚdarás Áitiúil atá le teacht. Le linn an turais, bhuail ionadaithe le comhaltaí de ghrúpaí pobail. Thug na cruinnithe seo deis chun saincheistanna áitiúla a phlé, léargais a bhailiú, agus comhoibriú a chothú i measc daoine sa phobail agus an LRP. Chomh maith le plé pobail, bailíodh sonraí luachmhara chun bonn eolais a chur faoi aighneacht na Tulaí 2040. Beidh ról ríthábhachtach ag na sonraí seo maidir le tionscnaimh amach anseo a mhúnlú agus a chinntiú go ndéanfar ionadaíocht ar ghuthanna pobail sa phróiseas pleanála. Mar fhocal scoir, d'éirigh le turas LRP Cheatharlach sa Tulach caidreamh le grúpaí pobail áitiúla a neartú agus d'éascaigh sé bailiú tábhachtach sonraí d'aighneacht na Tulaí 2040. Beidh rannpháirtíocht leanúnach le pobail ríthábhachtach chun straitéisí éifeachtacha agus cuimsitheacha a fhorbairt don todhchaí.

Tá iarrachtaí suntasacha déanta ag LRP Cheatharlach chun cumas agus eolas an phobail a fheabhsú trí thionscnaimh oiliúna spriocdhírithe. Chun tacú le grúpaí áitiúla, rinne an LRP anailís chuimsitheach ar riachtanais chun sainriachtanais oiliúna na ngrúpaí comhaltais sin a aithint. Bunaithe ar na torthaí, cuireadh roinnt seisiún oiliúna ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin. Áiríodh na príomhréimsí seo a leanas san oiliúint a cuireadh ar fáil: Comhlíonadh an RGCS; Canva; Dearadh bogearraí agus straitéisí meán sóisialta don earnáil pobail. Trí na tionscnaimh oiliúna seo, d'éirigh leis an LRP acmhainn agus fios gnó na ngrúpaí

pobail a mhéadú. Bhí ról ríthábhachtach ag an anailís ar riachtanais maidir leis na seisiúin a chur in oiriúint chun riachtanais shonracha na rannpháirtithe a chomhlíonadh, rud a neartaigh rannpháirtíocht agus éifeachtacht an phobail ar deireadh.

Maidir le hionadaíocht, rinneadh iarratas an LRP a áireamh ar an mbuanchlár oibre Míreanna do chruinnithe CBS. Chuaigh LRP Cheatharlach i dteagmháil go gníomhach le riarthóirí na nÚdarás Áitiúil i ngach Coiste um Beartais Straitéiseacha (CBS) chun infheictheacht agus rannpháirtíocht an LRP sa rialtas áitiúil a fheabhsú. Is é is aidhm don tionscnamh seo a chinntiú go dtugtar aghaidh go comhsheasmhach ar pheirspictíochtaí agus ar údair imní an phobail sa phlé beartais. Is é príomhchuspóir an iarratais seo ná idirphlé leanúnach a éascú idir an LRP agus na CBSanna, ag cur níos mó rannpháirtíochta pobail sa phróiseas cinnteoireachta chun cinn.

Tá LRP Cheatharlach tiomanta i gcónaí do thacú le leasanna agus riachtanais an phobail i gcomhar leis na húdaráis áitiúla. Thug LRP Cheatharlach faoi Cheardlann 'See Her Elected (SHE)' a chumhachtaigh na mná do na toghcháin i gCeatharlach. D'óstáil LRP Cheatharlach ceardlann ón eagraíocht SHE, a bhí dírithe ar mhná faoin tuath in Éirinn a chumhachtú chun páirt a ghlacadh i rialtas áitiúil mar chomhairleoirí contae agus mar chomhaltaí foirne feachtais. Cuireann eagraíocht OSPS acmhainní luachmhara ar fáil do mhná a bhfuil suim acu sa pholaitíocht, lena n-áirítear oideachas polaitiúil ar líne saor in aisce agus acmhainní cuimsitheacha oideachais atá ar fáil do rannpháirtithe. Treoirleabhar praiticiúil ina leagtar amach cúinsí riachtanacha do mhná atá ag seasamh i dtoghchán nó atá rannpháirteach i bhfoirne feachtais. Sraith ceardlanna saor in aisce ina gcumhdaítear gnéithe éagsúla d'fheachtais toghcháin agus den rialachas. Mar thoradh ar an gceardlann agus ar an tacaíocht leanúnach ó SHE, d'ullmhaigh triúr ban as Ceatharlach seasamh i dtoghcháin áitiúla. Ní hamháin go gcothaíonn an tionscnamh seo cumhachtú

aonair ach neartaíonn sé ionadaíocht an phobail freisin. Léiríodh go bhfuil an comhoibriú idir LRP Cheatharlach agus an eagraíocht SHE éifeachtach maidir le rannpháirtíocht na mban sa rialtas áitiúil a spreagadh. Beidh an tacaíocht agus na hacmhainní leanúnacha a chuirfear ar fáil ríthábhachtach chun ionadaíocht na mban sa rialtas áitiúil i gCeatharlach a fheabhsú.

An Cabhán

Reáchtáil LRP an Chabháin sraith comhairliúcháin poiblí do mhuintir an phobail agus do chomhaltaí pobail den LRP maidir le 'Todhchaí an Daonlathais Áitiúil'. Ghlac ionadaithe poiblí, ceannairí pobail, foireann forbartha pobail agus daoine eile páirt sna comhairliúcháin, agus chuir siad aighneacht láidir faoi bhráid Choimisiún an tSeanaid.

D'óstáil LRP an Chabháin imeacht a nascann gníomhaireachtaí tacaíochta árachais agus airgeadais pobail trína bhféadfadh grúpaí dul i dteagmháil go díreach leis na soláthraithe seirbhíse seo ar mhaithe leis an ngrúpa.

Sheol LRP an Chabháin trí thaispeántais taistil de chuid na gCeantar Bardasach chun páirt a ghlacadh ag leibhéal níos bunúsaí agus aiseolas níos éifeachtaí a thabhairt d'ionadaithe ó na pobail áitiúla maidir le saincheistean agus réitigh a théann i bhfeidhm ar shochaí an Chabháin.

An Clár

Tá LRP an Chláir fós ina fhórsa nasctha chun tacú le pobail éagsúla sa Chlár. Tacaíonn agus glacann ár gcomhaltaí foirne thar ceann na gcomhaltaí páirt i dTionscadal Forbartha Pobail Lucht Siúil an Chláir, Quare Clare LGBTQIA+, Fóram Leader an Chláir agus Líonra Dlúthpháirtíochta an Chláir. Ba é an LRP sa Chlár a thionscain cuid de na heagraíochtaí seo ar dtús agus tugaimid cúnamh dóibh maidir le riarachán, áitribh, poiblíocht, cuntais agus imeachtaí a eagrú ar bhonn leanúnach. I measc na n-imeachtaí sa phobal a d'eagraigh na grúpaí seo tá an Solidarity Shindig (cruinniú idirchultúir chun cabhrú le daoine nua inár bpobail bualadh le chéile agus imeascadh), Féile Bhróid an Chláir, Bród an Lucht Siúil sa Chlár, Secret Santa do phobail nua, oiliúint ar Chosaint Idirnáisiúnta agus maidineacha caife chun daoine a thabhairt le chéile agus fáilte a chur rompu, san áit a bhfuil ionaid chóiríochta á n-oscailt sa Chlár.

Mar thoradh ar chúpla bliain suaiteach ó thaobh a bheith páirteach i dtacaíochtaí pobail le linn phaindéim Covid-19, tuairiscíodh go bhfuil go leor gníomhaithe agus grúpaí pobail traocta. Bhraith muid go raibh sé in am do chur le chéile arís, ceiliúradh a dhéanamh ar an rath a bhí orainn go dtí seo agus ár moltaí maidir le todhchaí phobail an Chláir a roinnt. Mar thoradh air sin, tháinig Cuideachta Forbartha Áitiúil an Chláir, Ionad Oibrithe Deonacha an Chláir agus Líonra Rannpháirtíochta Poiblí an Chláir le chéile chun imeacht 'Nascadh Pobal sa Chlár' a chruthú, tráthnóna líonraithe agus ceardlann d'oibrithe deonacha, do ghníomhaithe, do cheannairí pobail, d'iontaobhaithe carthanais agus do chomhaltaí de ghrúpaí pobail. Thug sé deis do ghrúpaí pobail agus deonacha sa Chlár a bheith spreagtha, athbheoite agus nasctha agus scileanna praiticiúla a fhoghlaim maidir le comhoibriú, rannpháirtíocht, abhcóideacht, cumarsáid, cuimsiú, acmhainneacht a fhorbairt, do scéal a insint agus neart eile. Bhí freastal maith ar an imeacht agus fuair daoine deis bualadh le daoine eile sa phobal atá ag déanamh difir.

Sheol an tAire Joe O'Brien Plean Straitéiseach Thionscadal Forbartha Pobail (TFP) Lucht Siúil an Chláir i mí na Bealtaine. Leanann LRP an Chláir ag tacú leis an tionscadal seo de réir mar a bhaineann sé a sprioc amach, is é sin a bheith go hiomlán neamhspleách agus faoi stiúir an Lucht Siúil sa Chlár. De bharr gurb ann do TFP an Lucht Siúil, tá saibhriú déanta ar chomhairliúcháin poiblí i gContae an Chláir cheana féin, rud a chinntíonn go léirítear taithí an Lucht Siúil san ionchur. Bhí ionchur ón Lucht Siúil lárnach sa tuarascáil 'I dtreo straitéis Frithbhochtaineachta don Chlár' agus áiríodh é freisin inár dtionscadal chun cearta socheacnamaíocha a chumhdach sa Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail 2023-2029.

Cuireadh tionscadal rannpháirtíochta pobail LRP an Chláir, chun a chinntiú go bhfuil beartais a léiríonn saol na bpobal éagsúil sa Chlár a fhulaingíonn bochtaineacht agus cineálacha eile idirdhealaithe san áireamh i bPlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail Chomhairle Contae an Chláir, mar chás-staidéar sa dara eagrán de 'Treoir maidir le Rannpháirtíocht an Phobail sa Phlean Áitiúil agus sa Chinnteoireacht' na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail. Ag an seoladh i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna, chuir Comhordaitheoir LRP an Chláir príomhscileanna inaistrithe a foghlaimíodh le linn an tionscadail i láthair agus ghlac comhalta Rúnaíochta páirt freisin i bplé painéil ar an tábhacht a bhaineann le guthanna imeallaithe i gceapadh beartais agus i gcinnteoireacht

Cathair Chorcaí

Dháil LRP Chathair Chorcaí faisnéis ar ghrúpaí comhaltais faoi mhaoiniú, oiliúint, imeachtaí líonraithe agus tionscnaimh forbartha acmhainne eile. Thug LRP Chathair Chorcaí faoin gcomhairliúchán don Fhís d'Fholláine Phobail agus d'úsáid sé ábhar uaidh sin chun cur le haighneacht LRP chuig comhairliúcháin Chomhairle Cathrach Chorcaí don Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2024-2029 agus don Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide. Chumhachtaigh LRP Chathair Chorcaí comhaltaí a bhfuil eolas daonlathach áitiúil agus náisiúnta acu. Cuireadh oiliúint maidir le héascú ar fáil. Is eagraíocht eolasach í LRP Chathair Chorcaí atá íogair ó thaobh tráma de agus a daingníodh ag Seisiún Iomlánach.

Contae Chorcaí

Sheol Contae Chorcaí an Ráiteas Físe d'Fholláine Pobail. Bhí breis agus bliain oibre i gceist leis sin mar gheall ar ocht gCeantar Bardasacha a bheith ann. Reáchtáladh comhairliúcháin i bpearsa i ngach Ceantar Bardasach (CB). Bhí freastal níos fearr i gceist ar chuid acu seachas mar a bhí ar chuid eile ach bhí tinreamh an-íseal ann ar an iomlán. Tá Ceantar Bardasach (CB) Chontae Chorcaí rómhór chun fiorthionchar a imirt ag leibhéal an Cheantair Bhardasaigh. Déantar machnamh san Fhís ar gach gné de shaol an phobail agus tá sí leagtha amach faoi na ceannuideil seo a leanas: Rannpháirtíocht, Daonlathas agus Rialtas Áitiúil, Luachanna, Cultúr agus Brí, Forbairt Pobail Shóisialta, Obair, Geilleagar agus Acmhainní, Sláinte, Comhshaol agus Inbhuanaitheacht. Má bhreathnaítear ar fholláine an phobail faoi na ceannuideil éagsúla sin go léir, bhí ar na rannpháirtithe smaoineamh 'ar bhealach nua' i ndáiríre agus tuiscint a fháil ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn na tosca éagsúla sin go léir le tionchar a imirt ar an gcáilíocht saoil. Beidh an Fhís a chruthaigh siad mar bhunchloch ag an LRP agus tá na torthaí ag cur le ceapadh beartais na nÚdarás Áitiúil cheana féin. Bhí comhairliúchán, cumarsáid agus comhoibriú idir grúpaí deonacha agus pobail atá mar chuid den Líonra Rannpháirtíochta Pobail rithabhachtach chun fis daoine de phobal sláintiúil láidir a bhaint amach.

Dún na nGall

Dhírigh imeacht Folláine Geimhridh LRP Dhún na nGall i mí na Nollag 2023 ar mheabhairshláinte mar go raibh go leor daoine áitiúla i nDún na nGall ag cur lámh ina mbás féin ó mhí Lúnasa go mí na Samhna 2023. Bhí cainteoirí ag an Imeacht ó Mheabhairshláinte Éireann (MSÉ), Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), OTA, Pieta House, Donegal Wellness Cafés agus oiliúint ar conas Curadh Meabhairshláinte a bhunú in eagraíochtaí. Bhí seastáin ag na páirtithe leasmhara agus na grúpaí tacaíochta go léir ag an imeacht agus scaipeadh bileog le huimhreacha teileafóin na líne cabhrach géarchéime agus sonraí an ghrúpa tacaíochta.

Reáchtáil LRP Dhún na nGall agus an Garda Síochána imeachtaí éagsúla marcála maoine ar fud an Chontae. Is bac luachmhar iad ar chosc na coireachta a théann chun tairbhe don phobal ar fad agus bhuail Ionadaithe CCP Dhún na nGall le Gardaí sinsearach chun oibriú leo ar shaincheisteanna éagsúla i rith na bliana.

Cathair Bhaile Átha Cliath

In 2023, fuair LRP Chathair Bhaile Átha Cliath deontas breise ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le haghaidh gníomhaíochtaí chun acmhainn an phobail a forbairt agus d'oibrigh sé le sé éascaitheoirí comhairleacha chun acmhainneacht na ngrúpa comhaltais a mhéadú, ionas go bhféadfadh níos mó grúpaí comhaltais a bheith páirteach i gcinnteoireacht ar leibhéal an údaráis áitiúil. Baineann grúpaí comhaltais an LRP tairbhe thar na bearta as foireann eolach daoine a bheith acu chun cuidiú leis an bhfoireann.

D'óstáil an LRP 'Féile Tiomsaithe Airgid' chun cabhrú le grúpaí comhaltais an LRP a bheith níos inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de. Áiríodh san fhéile seisiún ar líne, as líne, ar maidin agus tráthnóna do gach grúpa comhaltais, lena n-áirítear réamhrá ar thiomsú airgid, seisiún scríbhneoireachta deontais, seisiún chun straitéis tiomsaithe airgid a scríobh agus seisiún ina bhféachtar ar na dúshlán shonracha do ghrúpaí imirceacha, a bhféadfadh sé nach mbeadh na deiseanna líonraithe céanna acu agus atá ag grúpaí eile. Measadh go raibh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann do ghrúpaí a bheith níos sláine ó thaobh airgeadais de an-tábhachtach le linn géarchéim costais maireachtála agus tar éis do go leor grúpaí a bheith tuislithe le linn paidéime. Tionchar speisiúil a bhí ag an bhféile ba ea tionscadal

seach-aimsithe, bunaithe ar threoirleabhar RFTP a seoladh in 2023, ar a dtugtar 'Treoir maidir le Rannpháirtíocht Chuimsitheach an Phobail sa Phleanáil Áitiúil agus sa Chinnteoireacht', a uaslódáladh ar shuíomh gréasáin LRP anseo: <https://dublincityppn.ie/resources/presentation-on-the-recently-launched-a-guide-for-inclusive-community-engagement-in-local-planning-and-decision-making/>

Is mór ag go leor grúpaí comhaltais an fhaisnéis a roinntear san fheasachán seachtainiúil atá thar a bheith inrochtana. Go háirithe, ghabh grúpaí buíochas leis an LRP as nuashonruithe ón Roinn, ar nós sonraí lógó nua, nó faisnéis faoin bhfeachtas feasachta. Bhí grúpaí sásta freisin a gcuid faisnéise, acmhainní agus nuashonruithe a roinnt leis an LRP níos leithne tríd an bhfeasachán seachtainiúil. Chuaigh go leor ama agus oibre i dtreo é a dhéanamh inrochtana go hiomlán do dhaoine atá dall agus do dhaoine lagamhairc, agus iarracht a dhéanamh a oiread agus is féidir, Béarla simplí a úsáid.

Dún Laoghaire / Ráth an Dúin

D'fhorbair LRP DLRD cumarsáid láidir rialta leis na grúpaí comhaltais. Chomh maith leis an nuachtlitir mhíosúil ar líne, an Clár Raidió míosúil Community Connections, na poist sna meáin shóisialta agus ar an suíomh Gréasáin, tugtar a nuacht is déanaí don chomhaltas i ríomhphost seachtainiúil. Tá sé tugtha chun solais ag comhairliúchán an phlean 5 Bliana go meastar gur foinse iontaofa faisnéise don phobal áitiúil é LRP DLRD. Tá meas ar leith ar an ríomhíris, agus cuireann go leor grúpaí pobail nuacht ar aghaidh gach mí.

Mar gheall ar an mbuiséad teoranta agus na costais mhéadaitheacha a bhaineann le gnó a dhéanamh, tá comhpháirtíochtaí forbartha againn i DLRD le heagraíochtaí eile chun ár gcláir a sheachadadh agus chun a chinntiú go n-úsáidtear ár maoiniú chun an luach is fearr ar airgead a sholáthar. Chuaigh LRP DLRD i gcomhpháirtíocht le leabharlanna agus leis an tSeirbhís um Oideachas Aosach an Oirdheisirt. Chomh maith leis sin, chuamar i gcomhpháirtíocht le LRP Chathair Bhaile Átha Cliath chun oiliúint chomhroinnte a chur ar fáil don dá fhoireann de chomhaltas an LRP a scaipeann an costas agus a sholáthraíonn éagsúlacht oiliúna nach mbeadh indéanta murach sin. Thairgearmar an oiliúint seo freisin don 2 LRP eile i mBaile Átha Cliath nach raibh foireann acu ag an am.

Cathair na Gaillimhe

Is é 'Painéal Sochaí Sibhialta Chathair na Gaillimhe' an chéad painéal dá leithéid sa tír agus tarraingíonn sé daoine as pobail atá faoi chosaint Reachtaíocht Comhionannais na hÉireann agus tá sé mar aidhm aige cur i bhfeidhm éifeachtach agus trédhearcach Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine ag na heagraíochtaí agus na gníomhaireachtaí sin a bhfuil dualgais orthu i gCathair na Gaillimhe a éascú agus tacú leis. Trí úsáid a bhaint as cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine, aithnítear na pobail sin mar shealbhóirí ceart agus mar ghníomhaireachtaí poiblí mar shealbhóirí dualgais a bhfuil sé d'oibleagáid orthu meas a léiriú ar a gcearta agus iad a chosaint. Téann an Painéal i dteagmháil le gníomhaireachtaí poiblí agus baineann sé úsáid as a gcuid saineolais chun treoir a thabhairt do ghníomhaireachtaí agus iad ag cur Dualgas na hEarnála Poiblí i bhfeidhm.

Tháinig painéal na Sochaí Sibhialta le chéile arís agus bhí ról gníomhach aige i dTionscadal Píolótach Pobal. D'oibrigh an painéal i gcomhar le LPCG agus le gníomhaireachtaí eile chun raon tascairí pobail a fhorbairt. Cuireann an obair seo leis an bhFoireann Uirlisí chun Dualgas na hEarnála Poiblí a Chur i bhFeidhm i nGaillimh, agus le Leabhar Fianaise an Ghrúpa um Chuimsiú Sóisialta a d'fhorbair an tSaotharlann Luachanna. Cuireadh tús leis an Tionscadal Píolótach Pobal chun cuidiú le rannpháirtíocht na ngrúpaí is imeallaithe sa chathair an LPCG nua a mhúnlú. Féachann an tionscnamh seo freisin le léargas a thabhairt ar shraith náisiúnta Treoirlínte Rannpháirtíochta do ghrúpaí imeallaithe. Chomhoibrigh an tionscadal le pobail éagsúla lena n-áirítear Pobal na mBodhar, Pobal LADTI+ (ag díriú go sonrach ar chomhaltas trasinscneacha agus neamhdhénártha), mná den Lucht Siúil, mná a bhfuil cónaí orthu i Soláthar Díreach, daoine óga LADTI+, agus daoine óga atá ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin shocheacnamaíocha. Rinneadh teagmháil leis na grúpaí seo trí cheardlanna, agallaimh aonair, grúpaí fócais pearsanta agus ar líne, chomh maith le suirbhéanna. Agus béim á leagan ar rannpháirtíocht, d'éascaigh an tionscadal rannpháirtíocht na bpobal sin i bpleanáil tionscadail, i bhforbairt, agus i scaipeadh teachtaireachtaí agus gníomhaíochtaí riachtanacha chun tionchar a imirt ar PÁEP atá ar na bacáin. Rinneadh leabhar gníomhartha agus físeán de thorthaí na rannpháirtíochta le pobail agus leis an bPainéal Sochaí Sibhialta. Go

háirithe, bhí tionchar suntasach ag an tionscadal ar an PÁEP nua, ag ionchorprú fiche a haon gníomh ón leabhar gníomhaíochta.

An LPCG agus roinnt eagraíochtaí eile i nGaillimh, ar nós Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe, Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe, Comhairle Ceardchumann na Gaillimhe, mar aon le grúpaí ar nós Líonra Frithchiníochais na Gaillimhe, Amach! Tá LADTI+ Gaillimh, Ollscoil Tearmainn agus Tionscnamh Eolais Pobail Ollscoil na Gaillimhe aontaithe mar Líonra Pobail in aghaidh an Chiníochais agus an Idirdhealaithe na Gaillimhe (LPCIG). Is é an sprioc atá ann tacú leis an gcuimsitheacht i bpobail agus seasamh i gcoinne gach cineál ciníochais agus idirdhealaithe. I rith na bliana, bhí ról ríthábhachtach ag an LPCG laistigh de Líonra LPCIG. Chun an Lá Idirnáisiúnta in aghaidh an Chiníochais a chomóradh, chomhoibrigh an LPCG le grúpaí LPCIG chun slógadh a eagrú i Lár Chathair na Gaillimhe, rud a léirigh dlúthpháirtíocht leosan a bhfuil ciníochas agus idirdhealú á bhfulaingt acu agus seasamh i gcoinne idé-eolaíochtaí atá i bhfad amach ar an eite dheis ag an am céanna. Bhí ról lárnach ag an LPCG maidir le maoiniú a fháil do LPCIG tríd an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta in aghaidh an Chiníochais a cuireadh i bhfeidhm le déanaí. Ina theannta sin, ghlac an LPCG páirt ghníomhach i gcruinnithe míosúla LPCIG ag tacú le hiarrachtaí chun dul i ngleic le ciníochas agus idirdhealú i nGaillimh.

Contae na Gaillimhe

Chruthaigh LRP Chontae na Gaillimhe leabhrán cuimsitheach eolais i bhformáid A5, 21 leathanach ar fad, le leagan iomlán i mBéarla agus i nGaeilge. Tugtar achoimre fhaisnéiseach agus sholáimhsithe ar an LRP sa leabhrán faisnéise seo. Scaipimid an leabhrán seo go forleathan ag imeachtaí agus cruinnithe LRP, chuig Ionadaithe LRP nua, chuig páirtithe leasmhara, foireann na comhairle, agus chuig grúpaí comhaltais LRP nua i bhformáid dhigiteach nó i bhformáid chruachóipe

Ciarraí

Tá tionchar suntasach agus forleathan ag an tacaíocht ó LRP Chiarraí ar Ghradaim Phobail Chiarraí agus ar ghrúpaí pobail áitiúla. Feidhmíonn LRP Chiarraí mar ardán a ardaíonn próifíl na ngrúpaí pobail, a thugann an t-aitheantas atá tuillte acu as a gcuid

oibre. D'fhéadfadh níos mó tacaíochta a bheith mar thoradh ar an infheictheacht sin, lena n-áirítear ranníocaíochtaí airgeadais nó deonacha, rud a chuirfeadh le cumas an ghrúpa seirbhísí a sholáthar. Trí bheith mar chuid den LRP, faigheann grúpaí rochtain ar fhaisnéis ríthábhachtach maidir le deiseanna maoinithe, deontais agus acmhainní eile. Is uirlis ríthábhachtach chumarsáide í nuachtlitir sheachtainiúil LRP Chiarraí a bhfuil tionchar suntasach aici ar an bpobal áitiúil ar bhealaí éagsúla. Cuireann an nuachtlitir ardán ar fáil chun faisnéis a roinnt faoi imeachtaí áitiúla, tionscnaimh phobail, deontais, deiseanna oiliúna, agus nuacht a bhaineann le grúpaí agus eagraíochtaí pobail. Cuidíonn sé seo leis an bpobal a choinneáil ar an eolas agus dul i ngleic le forbairtí leanúnacha. Trí fhaisnéis a thairiscint ar chomhairliúcháin phoiblí, fóraim phobail agus deiseanna cinnteoireachta, spreagann an nuachtlitir daoine den phobal chun páirt ghníomhach a ghlacadh i rialachas áitiúil. Is minic a leagann nuachtlitir sheachtainiúil LRP Chiarraí béim ar dheiseanna do ghrúpaí pobail comhoibriú, acmhainní a roinnt agus tacú lena chéile. Neartaíonn sé líonraí i measc eagraíochtaí áitiúla, rud a chothaíonn braistint aontachta agus comhchuspóra.

Tá tionchar dearfach suntasach ag LRP Chiarraí a chuireann forbairt acmhainne agus oiliúint ar fáil do ghrúpaí pobail agus ar na grúpaí féin agus ar an bpobal i gcoitinne. Trí oiliúint agus acmhainneacht an phobail a fhorbairt tá méadú tagtha ar chumhachtú, eolas agus scileanna na bpobal áitiúil. Neartaíonn acmhainneacht agus oiliúint an pobal a fhorbairt an pobal agus bíonn rannpháirtíocht agus rannpháirtíocht mhéadaithe i gcomhairliúcháin mar thoradh air sin. Neartaíonn tionscnaimh forbartha acmhainne agus oiliúna LRP Chiarraí grúpaí pobail go mór leis na scileanna, an t-eolas agus na líonraí a theastaíonn uathu chun cur go fiúntach le forbairt áitiúil, rialachas agus comhtháthú sóisialta.

Bhí tionchar dearfach suntasach ag seónna bóthair eolais LRP Chiarraí i leabharlanna ar an bpobal agus ar rialachas áitiúil araon. Feidhmíonn leabharlanna mar mhoil phobail, a fhágann gur áiteanna den scoth iad le haghaidh rannpháirtíochta an phobail. Tugann óstáil seónna bóthair LRP i leabharlanna deis do chuid níos leithne den phobal foghlaim faoin LRP, a ról, agus conas páirt a ghlacadh i bpróisis chinnteoireachta áitiúla. Ós rud é go mbíonn daoine de gach aois agus cúlra ag freastal ar

leabharlanna, is féidir le taispeántais taistil a réachtáiltear anseo grúpaí a mhealladh nach mbíonn rannpháirteach de ghnáth i ngníomhaíochtaí rialachais pobail, amhail daoine scothaosta, daoine óga nó pobail imeallaithe. Spreag na taispeántais taistil níos mó cónaitheoirí chun dul isteach sa LRP, a d'fhág go raibh níos mó rannpháirtíochta ag an bpobal i mbeartais agus cinntí áitiúla a mhúnlú. Trí sheisiúin faisnéise, foghlaimíonn cónaitheoirí conas is féidir leo tionchar a imirt ar sheirbhísí poiblí, ar bheartais agus ar fhorbairt ina gceantair áitiúla, ag cur ar a gcumas ról níos gníomhaí a ghlacadh sa rialtas áitiúil.

Cill Dara

Tá an tSeachtain um Chuimsiú Sóisialta ina buaicphointe i bhféilire Chill Dara le hocht mbliana anuas agus gach bliain fásann an ócáid seo le rannpháirtíocht níos mó bliain i ndiaidh bliana. In 2023, bhí níos mó ná sé imeacht déag ar siúl ar fud an chontae ag díriú ar chuimsiú a chur chun cinn inár bpobail. Mar thoradh ar an tSeachtain um Chuimsiú Sóisialta, bunaíodh roinnt tionscnamh agus comhpháirtíochtaí, a chuaigh chun tairbhe go díreach dóibhsean sa phobal. Is é fócas na seachtaine seo daoine den phobal a chur san áireamh a d'fhéadfaí a eisiáimh murach sin ar chúiseanna éagsúla agus coimeádann gach imeacht ag a chroílár an tábhacht a bhaineann le daoine ó gach pobal a mhealladh agus fáilte a chur rompu.

Bhí tionchar dearfach ag torthaí na gcomhairliúcháin a bhí againn ar fud na gCeantar Bardasach go léir lenár ngrúpaí comhaltais (lena n-áirítear suirbhéanna pearsanta agus ar líne) ar go leor gníomhartha laistigh de PÁEP nua Chill Dara do 2024-2029, ag cinntiú gur éisteadh le guth an phobail.

Chríochnaigh 136 duine a rinne ionadaíocht ar réimse leathan grúpaí pobail i gCill Dara oiliúint le linn ár gclár oiliúna geimhridh. Áiríodh leis an gclár sin ceannaireacht phobail, an teicneolaíocht agus na meáin shóisialta, rialachas agus iarratais ar dheontais. Tá na modúil go léir bunaithe ar thorthaí anailíse riachtanas oiliúna lena chinntiú go bhfuilimid ag freastal ar riachtanais na ngrúpaí pobail agus go raibh gá le bearnaí scileanna a dhúnadh.

Chomhoibrigh LRP Chill Dara le LEADER chun cabhrú le sraith seónna bóthair a óstáil. Bhí deis ag grúpaí pobail a gcuid smaointe a roinnt maidir le conas acmhainneacht pobal tuaithe bríomhar a fhorbairt agus tosaíochtaí LEADER a mhúnlú do chlár maoinithe 2023-2027. Réachtáladh cúig cheardlann le linn an phróisis, ceann i ngach ceann de na cúig Cheantar Bardasacha

Cill Chainnigh

Rinne LRP Chill Chainnigh i gcomhar le hÚdarás Áitiúil Chill Chainnigh agus LEADER Chill Chainnigh athbhreithniú ar an Straitéis um Lánpháirtiú Imirceach. Mar chuid de chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta Imirceach, thug LRP Chill Chainnigh agus Údarás Áitiúil Chill Chainnigh faoi shraith ceardlanna chun mná agus éagsúlacht a spreagadh.

Laois

Féilire imeachtaí bliana a bhí i dTionscadal um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 LRP Laoise do ghrúpaí comhaltais uile an LRP, a raibh sé mar aidhm leis feasacht a mhúscailt, oideachas a chur ar fáil agus tionscnaimh dhearfacha um Ghníomhú ar son na hAeráide a spreagadh inár bpobail. I measc bhuaicphointí Thionscadal um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 LRP Laoise bhí: Crainn Dhúchasacha saor in aisce do Ghrúpaí Pobail ar fud Laoise; Ceardlann maidir le Maoiniú um Ghníomhú ar son na hAeráide; Turas Oidhreacht Rothar i mBaile an Bhiocáire le linn Sheachtain Náisiúnta na Rothar chun Taisteal Gníomhach a chur chun cinn; Siúlóid agus Dreas Cainte Bithéagsúlachta i bPort Laoise agus Baile Slachtmhara Phort Laoise (tá Port Laoise ainmnithe mar an chéad Bhaile Ísealcharbóin in Éirinn); Crann don tSíocháin – Searmanas Plandála do Phobal na hÚcráine, le linn Sheachtain Náisiúnta na gCrann; Winter Wander i Mainistir Laoise — Buaiteoir an Bhaile is Slachtmhaire in Éirinn 2023 agus siúlóid Threoraithe Bhithéagsúlachta de Thionscadal Phortach Mhainistir Laoise — meastar go bhfuil sé ar cheann de na tionscadail chaomhnaithe is fearr in Éirinn faoi stiúir an phobail. Aithníodh Tionscadal um Ghníomhú ar son na hAeráide LRP Laoise le clúdach suntasach dearfach sna meáin i Laois i ngach imeacht de chuid Leinster Express, Laois Nationalist, Laois Today agus Laois People. Ag leibhéal réigiúnach,

chuir LRP Laoise i láthair ar ár dtionscadal ag cruinniú LRP Laoise, Uíbh Fhailí, an Longfoirt, Chill Dara, na Mí agus na hIarmhí. D'iarr an Comhchoiste Oireachtais um Chomhshaoil agus Athrú Aeráide tuarascáil ar Ghníomhaíochtaí Aeráide LRPanna, a ngrúpaí comhaltais agus an cumas atá acu chun Gníomhú breise ar son na hAeráide a shlógadh. Roghnaíodh LRP Laoise chun cur le ceardlann ar an tuarascáil seo, agus roghnaíodh a Thionscadal um Gníomhú ar son na hAeráide 2023 mar cheann de thrí chás-staidéar, ina léirítear an tionchar dearfach agus an ról a d'fhéadfadh a bheith ag an LRP go náisiúnta maidir le Gníomhú ar son na hAeráide. Chuir an AE LRP Laoise ar ghearrliosta le haghaidh Chomhshocrú an Aontais Eorpaigh um Gníomhú ar son na hAeráide.

Reáchtáladh searmanas Ghradaim Phobail agus Dheonacha Laoise 2023 an 3 Samhain 2023 sa Midlands Park Hotel, Port Laoise, arna óstáil ag LRP Laoise agus Comhairle Contae Laoise agus urraitheoir fadtéarmach na ngradam Comhar Creidmheasa Tús Áite do Dhaoine. B'ábhar bróid d'ainmnithe a bhí ina ngrúpaí comhaltais LRP gur ainmníodh iad in ocht gcatagóir as an méid a chuir siad le saol an phobail i Laois, lena n-áirítear Gradam Laoch Neamhaitheanta aonair agus Gradam nuabhunaithe um Gníomhú ar son na hAeráide. Léiríonn na Gradaim gach bliain an obair iontach atá ar bun go háitiúil ag na hearnálacha Pobail agus Deonacha, Ionchuimsithe Shóisialta agus Comhshaoil i gContae Laoise.

Liatroim

Bunaíodh trí nascghrúpa in 2023 agus cuireadh oiliúint ar aon éascaitheoir déag. Tugann Nascghrúpaí eagraíochtaí a bhfuil leas coiteann acu le chéile chun a dtuairimí agus a leasanna a phlé i réimse beartais ar leith a bhaineann le coiste nó bord le hionadaíocht LRP.

Bhí LRP Liatroma an-ghníomhach in imeachtaí i rith na bliana chomh maith le hurraíocht a dhéanamh ar Ghradaim Love Where You Live i gcomhar le Comhairle Contae Liatroma. Déanann Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Liatroma urraíocht ar dhá chuid de Ghradaim Love Where You Live, Cuimsiú Sóisialta agus Athléimneacht an Phobail. In 2023 bhí os cionn 98 n-iontráil ar fud 6 chatagóir agus bhí 37 mBuaiteoir Duaiseanna ann agus bhí 246 duine i láthair oíche na ngradam.

Scaipeadh ríomhfheasachán coicisiúil ar na grúpaí comhaltais go léir le heolas luachmhar faoi mhaoiniú, oiliúint, comhairliúcháin, suirbhéanna, aighneachtaí agus nuacht phobail. Bhí 15 mhír i mBreathnóir áitiúil Liatroma ag cur le hinfheictheacht an LRP go háitiúil.

Luimneach

D'oibrigh LRP Luimnigh, ag seachadadh gníomhartha a shonraítear laistigh dá Straitéis um Chuimsiú Grúpaí tearcionadaithe, le CCCL i bhforbairt Fhóram Lánpháirtíochta Imirceach Luimnigh agus thairg treoir agus comhairle riaracháin agus rialachais. Bhí ríméad ar an LRP a bheith i láthair agus cur i láthair a thabhairt don ghrúpa nuaghinte ag a n-imeacht seolta chun aird a tharraingt ar an rannpháirtíocht amach anseo leis an LRP mar an bealach foirmiúil chun sprioc shonraithe den fhóram a bhaint amach, is é sin comhaltaí atá rannpháirteach i gcinnteoireacht rialtais áitiúil.

Nuair a fógraíodh an Ciste Aitheantais Pobail d'eagraigh an LRP ceardlann a cuireadh ar fáil do ghrúpaí comhaltais sna ceantair incháilithe. Eagraíodh an cheardlann leis an rannán i CCCL a bheadh ag riaradh an deontais. Bhí na Comhaltaí in ann ceisteanna a chur agus aiseolas a fháil maidir leis na tograí tosaigh.

An Longfort

Is éard atá i bhFóram Idirchultúrtha LRP Longfoirt ná náisiúntachtaí éagsúla a tugadh le chéile chun oibriú ar thionscadal ealaíon. Bronnadh maoiniú ar an ngrúpa tríd an Scéim Tacaíochta Deontais Pobail. Deis a bhí ann comhtháthú a chur chun cinn, comhaltaí na rannán éagsúil den CCL a chur ar an eolas agus tús a chur lena n-ullmhú do na toghcháin áitiúla atá le teacht in 2024.

Lú

Gach bliain, tugann LRP Lú faoi roinnt tionscadal rannpháirtíochta pobail chun feasacht ar an LRP a mhéadú, comhoibriú a spreagadh idir comhaltaí éagsúla LRP, rud a neartaíonn ceangail laistigh den phobal agus a théann i dteagmháil lenár ngrúpaí comhaltais LRP. In 2023 bhí an tionscadal meantóireachta idir piaraí pobail ar cheann de na tionscadail sin. Chuir LRP Lú oiliúint ar fáil do 13 chomhalta LRP ó gach cearn den chontae sna scileanna a theastaíonn le bheith i do mheantóir. Bhí réimse leathan scileanna agus taithí ag na daoine seo cheana féin a fuarthas ó bheith ag obair laistigh den earnáil phobail agus dheonach (chomh maith lena

dtimpeallacht oibre féin). I measc na réimsí saineolais tá scileanna coiste, bainistíocht gníomhaíochta agus imeachtaí, iarratais ar mhaoiniú a chomhlánú agus na meáin shóisialta. Gheall na daoine sin go ndéanfaidís obair dheonach 2 uair an chloig dá gcuid ama in aghaidh na míosa chun a dtaithí, a n-eolas agus a saineolas a roinnt le grúpaí pobail eile nach bhfuil chomh seanbhunaithe sin, b'fhéidir. Ciallaíonn sé seo go mbíonn 26 uair an chloig de mheantóireacht saor in aisce in aghaidh na míosa ar fáil go héifeachtach i gcomhaltas LRP Lú ó oibrithe deonacha eile a thuigeann na deacrachtaí a bhíonn ag grúpaí pobail atá ann chun cabhrú leo cur lena gcumas (m.sh. an pobal atá ag cabhrú leis an bpobal trí thacaíochtaí pobail).

Ag cur le seimineár comhóstáilte a reáchtáladh in 2022 dar teideal 'Increasing the diversity of women in Local Government', bhreathnaigh LRP Lú ar na saincheistanna a bhíonn roimh mhná ina saol laethúil a fheidhmíonn mar bhacainní ar rannpháirtíocht ghníomhach sna struchtúir bheartais agus chinnteoireachta. Comhoibriú a bhí sa tionscadal seo idir LRP Lú, Comhairle Contae Lú agus Forbairt Áitiúil Lú. Is éard a bhí i gceist leis an gcéad chéim den tionscadal raon leathan ban ó gach cúlra a thabhairt le chéile chun a fháil amach céard iad na bacainní ginearálta a measadh a bheith ann. D'éirigh sé soiléir le linn na bpléití seo, cé go raibh téamaí coitianta laistigh de na bacainní a bhraitear, go raibh bacainní breise ag roinnt mná chun dul i ngleic leo. Chun na bacainní breise sin a fhiosrú a thuilleadh, reáchtáladh grúpaí fócais níos lú ansin le mná a raibh orthu aghaidh a thabhairt orthu (e.g. aois, gnéasacht, míchumas, andúil, cultúr agus eitneacht, etc.). Cuireadh torthaí na gceardlann sin go léir (an grúpa ginearálta, grúpa níos mó chomh maith leis na grúpaí fócais níos lú) le chéile ansin i dtuarascáil dar teideal 'Driving Equality for Women in County Louth' a seoladh go foirmiúil i mí Mheán Fómhair 2023. Déantar cur síos sa tuarascáil seo ar na saincheistanna a bhíonn ag mná agus ar gá aghaidh a thabhairt orthu ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta araon má táthar chun fíor-chomhionannas a bhaint amach.

Ba chomhoibriú idir LRP Lú, Comhairle na nÓg agus Lú Sláintiúil í an oiliúint i scileanna coiste do chomhaltaí óige agus bhí sí ar cheann eile de thionscadail rannpháirtíochta pobail LRP Lú in 2023. Cuireadh oiliúint i scileanna coiste ar 30 comhalta óige ó 3 cheantar bhordasacha

Lú. Táthar ag súil go dtacóidh an gníomh seo ní hamháin le comhaltaí óige ionadaíocht a dhéanamh orthu féin agus ar a bpiaraí go luath amach anseo ach go gcuideoidh sé le hacmhainn a fhorbairt do bhoird agus do choistí amach anseo.

Maigh Eo

Oíche oscailte a bhí ann do ghrúpaí pobail LRP maidir le Gníomhú Pobail ar son na hAeráide LRP Mhaigh Eo. Mar chuid den tráthnóna bhí eolas ar an gCiste nua um Ghníomhú ar son na hAeráide agus ar na tionscadail phobail atá incháilithe do mhaoiniú. Thug an tOifigeach um Ghníomhú ar son na hAeráide cur i láthair cuimsitheach ar a bhfuil ag tarlú agus ar an gcaoi ar féidir le grúpaí pobail eile na gníomhartha a mhacasamhlú ina bpobail féin. Rinne Scoil na hInnealtóireachta in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, cur i láthair do na comhaltaí ar thionscadail um ghníomhú ar son na haeráide atá ar bun agus bhí sí ag lorg eolas an phobail agus ag cabhrú le sraith straitéisí a chur le chéile a thacaíonn le pobail maidir le conas is féidir leo a n-astaíochtaí carbóin a laghdú agus tionchar a imirt ar ghníomhú ar son na haeráide i gContae Mhaigh Eo. Mar chuid den ócáid seo, bhí an rannóg turasóireachta i gComhairle Contae Mhaigh Eo ag dul i dteagmháil le pobail chun féachaint an bhfuil deis ann áiseanna gearrthearma do veaineanna campála a fhorbairt. 24 go 48 uair an chloig a bheadh i gceist ag áiseanna gearrthearma do veaineanna campála éagsúla. Tugadh cuireadh do ghrúpaí pobail aighneachtaí a dhéanamh. Bhí an t-imeacht thar a bheith idirghníomhach le breis is 150 duine i láthair agus thug sé eolas do ghrúpaí faoi conas is féidir le Maigh Eo bogadh i dtreo contae atá níos neamhdhíobhálaí don aeráid. Léirigh láithreoirí ón stáisiún raidió áitiúil spéis a bheith i láthair agus d'úsáid siad an deis chun agallamh a chur ar ghrúpaí pobail faoin gcaoi a raibh siad ag dul i ngleic le hathrú aeráide. Ag leanúint ón ócáid, tugadh cuireadh do LRP Mhaigh Eo comhoibriú le Midwest Radio chun grúpa comhaltais LRP a aimsiú chun labhairt ar an stáisiún raidió áitiúil faoin gcaoi a raibh siad ag dul i ngleic le hathrú aeráide agus bithéagsúlacht ina bpobail. Bhí mír sheachtainiúil ann ar Midwest Radio ar a gcuirtear tionscadal nó tionscnamh chun cinn a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide i Maigh Eo agus ar an gcaoi ar féidir le pobail eile é a mhacasamhlú. Bhí glacadh an-mhór

le haighneachtaí ó ghrúpaí pobail LRP agus bhí cur chun cinn ar siúl le linn na bliana ar an stáisiún raidió áitiúil. Cuireadh na físeáin um Ghníomhú ar son na hAeráide chun cinn ina dhiaidh sin ar ardáin meán sóisialta LRP. Mhaigh Eo agus ar shuíomh gréasáin an LRP. Taispeántas iontach a bhí ann ar an gcaoi a raibh grúpaí pobail ag dul i ngleic leis an athrú aeráide agus leis an mbithéagsúlacht i gContae Mhaigh Eo agus ar an gcaoi ar féidir é a mhacasamhlú i bpobail eile ar fud an chontae.

An Mhí

Is é an toradh a bhíonn ar rannpháirtíocht leis an Oifigeach um Ghníomhú ar son na hAeráide agus le grúpaí LRP ná go mbíonn líon níos mó daoine ná mar a bhíodhas ag súil leis i gceardlann ar líne. Mar thoradh air sin bhí 2 cheardlann agus tacaíocht eile ann chun an t-iarratas ar mhaoiniú a chur i gcrích. Táimid ag súil go mbeidh an leithdháileadh a bhronnfair ar an Mí gar do 100% sa chéad bhabhta.

2023 an chéad bhliain iomlán ina raibh an Rúnaíocht agus an Fhoireann i bhfeidhm ón mbliain 2020. Le filleadh ar chruinnithe duine le duine, 2 sheisiún iomlánacha agus imeachtaí CB, tháinig fás suntasach ar líon na rannpháirtithe ag imeachtaí LRP na Mí agus tháinig ardú ar fheasacht ar an líonra. Tháinig méadú freisin ar na hidirghníomhaíochtaí ar na meáin shóisialta agus ar an bhfreagairt ar nuachtlitreacha.

Tar éis seisiúin iomlánacha, aithníodh riachtanaí oiliúna agus sceidealaiódh iad agus cuireadh gach oiliúint a bhí á tairiscint ag LRP na Mí in áirithe go hiomlán gach tráthnóna.

Muineachán

Bhain go leor dár ngrúpaí LRP níos lú leas as sruthanna maoinithe na nÚdarás Áitiúil agus gníomhaireachtaí stáit eile go díreach ón bhfaisnéis a dáileadh. Go háirithe le maoiniú na nÚdarás Áitiúil, tá sé seo dírithe ar mhaoiniú níos lú, atá níos éasca a rochtain agus atá níos éasca do ghrúpaí iarratas a dhéanamh air agus a bhfuil tionchar mór aige ar a ngrúpa.

Phléigh comhaltaí na Rúnaíochta an rogha comhdháil sábháilteachta do mhná a reáchtáil chun teacht leis an ngníomhaíochas domhanda 16 lá i gcoinne foréigean inscnebhunaithe. Tar éis plé idir foireann an

LRP agus an t-oibrí forbartha pobail, rinneadh iarratas ar mhaoiniú faoin gCiste Nuálaíochta Sábháilteachta de chuid na Roinne Dlí agus Cirt. Ceadaiódh an maoiniú seo. Tionóladh an chomhdháil i mí na Samhna 2023 agus bhí freastal maith ar an gcomhdháil. I measc na gcainteoirí bhí Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na heagraíochta Slán Sábháilte in Éirinn, ionadaithe ó Aonad Coiscthe Coireachta an Gharda Síochána agus ó Aonad na Roinne do Sheirbhísí Cosanta. Cuireadh an t-aiseolas ar fad ón gcomhdháil i láthair ag cruinniú poiblí bliantúil an Chomhchoiste Póilíneachta san iarnóin.

Uíbh Fhailí

Spreag LRP Uíbh Fhailí grúpaí chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí Oíche Chultúir. Chuir an LRP an réimse imeachtaí ar fud an chontae chun cinn chomh maith. Bhí an píosa oibre seo thar a bheith luachmhar inár gcuid oibre ag plé le grúpaí mionlaigh chultúrtha. Deis iontach a bhí ann do ghrúpaí a bhféiniúlachtaí cultúrtha a thaispeáint trí cheol, amhránaíocht, damhsa, éadaí agus bia. Chuir sé tuiscint ar na pobail nua ar fáil do na pobail mhóra freisin. Mar thoradh air sin, bhunaigh roinnt grúpaí iad féin d'fhonn dul isteach sa LRP in 2024. Thacaigh an LRP leis na grúpaí mionlaigh chultúrtha trí fhaisnéis a roinnt agus na grúpaí a threorú chuig na tacaíochtaí atá ar fáil.

Rinne LRP Uíbh Fhailí iarracht chomhbheartaithe dul i dteagmháil le comhaltaí Chomhairle na nÓg in Uíbh Fhailí. Is éard a bhí i gceist leis sin freastal ar chruinnithe agus cur i láthair a dhéanamh ar ról agus ar luach an LRP. Tá guth na ndaoine óga in Uíbh Fhailí de dhíth ar an LRP, mar sin bhí lúcháir orainn dul i ngleic le guth na hóige agus a fheiceáil conas a d'fhéadfaimis leas níos éifeachtaí a bhaint as. D'éirigh go han-mhaith leis. Léirigh na daoine óga an-spéis sa LRP agus sa chaoi a raibh guthanna ag an mbord ar bhoird agus ar choistí éagsúla. Chuir siad spéis ar leith sa chaoi a bhféadfadh an LRP tionchar a imirt ar bheartas agus é a mhúnlú. Bhí spéis acu in obair na gCoistí um Beartais Straitéiseacha. I gcomhar leis an gCoiste um Beartais Straitéiseacha Pobail agus Cultúir, rinne Rúnaíocht an LRP idirbheartaíocht go bhféadfadh 2 chomhalta de Chomhairle na nÓg ceann amháin de na poist LRP a shealbhú i gcáil chomhroinnte. D'éirigh go han-mhaith leis an gclár píolótach sin agus thug sé léargas nua agus guth barántúil daoine óga chuig an gCoiste um Beartais Straitéiseacha.

Ros Comáin

D'fhorbair Líonra Rannpháirtíochta Pobail Ros Comáin a gcáipéis Fís d'Fholláine Phobail ina raibh teagmháil le grúpaí áitiúla, ag cur a gcuspóirí agus a mianta don todhchaí in iúl agus ag aithint cad atá ag teastáil chun tacú leis na glúine atá le teacht agus chun áit iontach chónaithe, oibre agus infheistíochta a dhéanamh i Ros Comáin.

Forbraíodh branda nua le haghaidh LRP Ros Comáin in 2023 lena n-áirítear sraith acmhainní margaíochta nua a fhorbairt i gcomhréir le brandáil náisiúnta nua LRP, rud a chuireann ábhar soláimhsithe ar fáil do phobail.

Glacadh modhanna nua freisin le linn 2023 chun rannpháirtíocht fheabhsaithe sa phobal a chur chun cinn, lena n-áirítear sraith seimineár gréasáin maoinithe ar líne a sheachadadh chun tacú le pobail a bhfuil rochtain acu ar mhaoiniú Údaráis Áitiúil thar dhisciplíní éagsúla.

